# 20 11 Annual Report
# Tuarascáil Bhliantúil

Cavan County Council | Comhairle Contae An Cabháin

FEARDHACHT IS FÍRINNE



We will be **the best** at what we do

**Clár** 01
**An Contae seo Againne** 03
**Ráiteas an Chathaoirligh** 04
**Ráiteas an Bhainisteora Chontae** 06
**Na Toghcheantair agus Ionadaithe** 08
**Comhdhálacha ar Fhreastail Ionadaithe Tofa** 09
**Fáiltithe Cathrach/An Chathaoirligh** 12
**Plean Corparáideach** 12
**Foireann Bhainistíochta** 14
**Inrochtaineacht** 15
**Scéim na dTeangacha Oifigiúla** 16

**Pleanáil, Forbairt Géilleagair, Seirbhísí Corparáideacha, Pobal agus Fiontar agus Comhairle Baile An Chabháin** 17

**Pleanáil, Forbairt Eacnamaíoch**
- Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch 17
- Rialú Foirgníochta 17
- Oidhreacht agus Caomhnú 18
- Coiste um Bheartas Straitéiseach, Pleanáil is Eacnamaíocht Tuaithe 19

**Gnóthaí Corparáideacha agus Daonacmhainní**
- Córas Bainistíochta is Forbairt Feidhmíochta (PMDS) 19
- Oiliúint agus Forbairt 20
- Saoráil Faisnéise 21
- Deontais Ardoideachais 21
- Clár na dToghthóirí 22

**Pobal agus Fiontar, Cuimsiú Sóisialta**
- Rannóg Phobail agus Fiontair 23
- Coiste um Bheartas Straitéiseach, Gnóthaí Pobail, Fiontair agus Sóisialta 32

**Comhairle Baile An Chabháin** 33

## Bonneagar, Gnóthaí Cultúrtha agus Tithíocht ........ 36

**Bonneagar**

- Coiste um Bheartas Straitéiseach, Bóithre agus Bonneagar ........ 43

**Gnóthaí Cultúrtha**

- Seirbhísí Leabharlanna ........ 44
- Músaem Chontae An Chabháin ........ 49
- Oifig Ealaíon ........ 51
- Amharclann An Reamhoir ........ 53

**Tithíocht** ........ 54

## Seirbhísí Uisce, Dramhaíola, Comhshaoil, Seirbhísí Éigeandála agus Turasóireacht ........ 60

- Seirbhís Dóiteáin ........ 60
- Cosaint Shibhialta ........ 64
- Seirbhísí Uisce ........ 67
- Turasóireacht ........ 73
- Comhshaol ........ 74
- Coiste um Bheartas Straitéiseach, Comhshaol, Uisce is Seirbhísí Sláintíochta ........ 78

## Seirbhís Airgeadais agus Eolais ........ 79

**Airgeadas**

- Rátaí ........ 82
- Mótarcháin ........ 82
- Seirbhísí Eolais ........ 85
- Coimriú Cuntas 2011 ........ 86

## Eagrú agus Riarachán ........ 88

Sonraí Teagmhála ........ 89


**Nóta:** Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo ar fáil i bhFormad Inrochtana.
Glaoigh ar an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha ag 049 437 8658 nó 049 437 8652


## An Contae seo Againne

"Tá beocht agus brí dá cuid féin i gContae an Chabháin gan dabht, buanna nar tháinig cuid mhaith de mhuintir na hÉireann fós orthu. Sa chontae seo againne gheobhaidh tú tírdhreach aoibhinn, cultúr saibhir agus fearadh na fáilte. Ar sos duit féin, ar saoire teaghlaigh nó i mbun gníomhaíochtaí sláintiúla éigin, déanfaidh an áit seo maitheas do chách". www.cavantourism.com

Contae tuaithe is ea An Cabhán don chuid is mó agus 64,003 dhuine ina gcónaí ann. É sin ráite is fíor go bhfuil méadú suntasach ar an daonra sna ceantair uirbeacha le blianta beaga anuas. Limistéar droimníneach is mó atá sa chontae ina bhfuil an-chuid locha agus droimníní. Ceantar sléibhtiúil ar bheagán daonra is ea an Iarthuaisceart agus radharcanna breátha le feiscint ann. Is ann a chífeá láithreacha a mbíonn an-éileamh ag turasóirí orthu mar Uiscebhealach na Sionainne/Éirne agus an Geopháirc Domhanda Uaimheanna na hÁirse Marmair.

Maidir le bealaí isteach sa Chontae, buntáiste mór anois is ea an M3 a fhágann nach bhfuil ach turas faoi bhun uair a chloig idir Baile Atha Cliath agus teorainn an chontae ar an dtaobh ó dheas d'Achadh an Iúir. Tá baile an Chabháin suite go straitéiseach freisin ar an mbóthar díreach go dtí An Tuaisceart.

Tá ceithre Thoghcheantar sa chontae: Coill an Chollaigh, Baile Shéamais Dhuibh, Béal Tairbirt agus An Cabhán. Tá trí Chomhairle Baile, An Cabhán, Béal Tairbirt agus Muinchille. Is Molbhaile é An Cabhán sa Straitéis Spásúil Náisiúnta.




**Gluais**

- Príomhbhaile
- Baile Uirbeach
- Baile
- Sráidbhaile

## Ráiteas an Chathaoirligh



Cúis áthais domsa suil siar a chaitheamh ar an mbliain 2011 don Tuarascáil Bhliantúil seo.

I rith 2011, dar liom, bhí dul chun cinn suntasach leanúnach mar Chontae is mar Eagraíocht, in ainneoin cúinsí Náisiúnta sa gheilleagar a chuireann srian linn le blianta beaga anuas. Seachas bac a chur orainn, áfach, léiríomar go léir an sár-mhianach atá ionainn idir Chomhairleoirí, Foireann is muintir an Chontae maidir le nuáil, teacht aniar agus le diongbháilteacht. Cruthúnas ar an obair rathúil úd is ea na gradaim a bronnadh orainn ag comhlachtaí seachtracha i rith na bliana 2011.

Gabhaim buíochas le mo chomh-Chomhairleoirí as mé a thoghadh d'aon ghuth mar Chathaoirleach ar an 13 Meitheamh 2011. Molaim go mór an Comhairleoir Dessie Boylan a d'imigh romham is a lean go bródúil traidisiún Cathaoirleach An Chabháin trí thús áite a thabhairt don chontae seachas do chúinsí polaitiúla nó pearsanta. Déanfaidh mé iarracht ar aithris a dhéanamh ar a bhfuil déanta aige. Aidhm amháin atá agam ná an Chathaoirleacht agus an Chomhairle a oscailt don phobal agus sinn i dteagmháil leis an óige chun an daonlathas áitiúil a chur chun cinn ina measc. Ba bhreá liom bonn struchtúrtha a chur faoin gcaidreamh atá againn le fada le Diaspora an Chabháin - ní mór ligint dóibh cur leis an iarracht ar Aisghabháil Naisiúnta atá ar bun.

Siombal tábhachtach don Chruinniú 2013, é dearfach agus cruthaitheach, is ea Fleadh Cheoil na hÉireann a reachtáil don tríú bliain as a chéile. Molaim an Bainisteoir Contae is Cathaoirleach ar an bhFleadh Jack Keyes, baill an Choiste Fheidhmiúchain, an coiste foirne agus craobhacha áitiúla Comhaltais as an ngaisce seo don Chontae. Níl aon tionscadal eile, poiblí ná príobháideach, a chruthódh nach mór milliún cuairteoirí agus mianach infheistíochta m150m laistigh de thrí bliana, gan trácht ar an t-uafás fógraíochta saor in aisce don Chontae álainn seo. Is léir go n-éiríonn le páirtíocht dáiríre idir earnála poiblí is príobháideach, lucht gnó, saorálaigh agus lucht ealaíon chun rath a bhreith ar bhonn náisiúnta agus domhanda araon.

Ar bhonn paróisteach, fáiltím roimh infheistíocht beagnach m1m do sholáthar uisce Choill an Chollaigh a tairgeadh le linn 2011, meastar go dtiocfaidh is go dtosnófar ar an obair i 2012. Níl ansiúd ach tionscnamh amhain sa Chontae a léiríonn go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh sa réimse seo fíorthábhachtach maidir le Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil, go deimhin tuairiscíodh a raibh déanta againn sna meáin i 2011 agus díríodh freisin ar an dtreoir a thugamar don tír ar fad thiar i 2004 trínár bhfo-dhlíthe a thabhairt isteach maidir le dabhaigh mhúnlaigh.

Ní feidir a gceart a thabhairt don iliomad dúshlán agus deiseanna a bhí romhainn i 2011. Níl saol an Rialtais Áitiúil éasca ná ní dócha go mbeidh sé níos éasca sna blianta atá romhainn. Mar sin féin is cuid rí-thábhachtach í den daonlathas agus táim lánchinnte go mbeidh Comhairleoirí, foireann agus muintir an chontae ag saothrú as lámh a chéile i dtreo athnuachana agus todhchaí dearfach a bhaint amach.

Le gach dea-mhéin

**Comhairleoir Seán McKiernan, Sóisear**
**Cathaoirleach**

## Ráiteas an Bhainisteora Chontae



D’éirigh thar barr le hÚdaráis Áitiúla An Chabháin le linn 2011 cé go raibh laghdú mór ar acmhainní de dheasca cúinsí geillegair idir áitiúil, náisiúnta agus domhanda.

Cúis mhisnigh ab ea ceithre mhórscéim bóthair a tosnaíodh cé go raibh laghdú ar chaiteachas caipitiúil:

- N3 Feabhsúcháin ó Dhroichead an Bhuitléaraigh go Bóthar Bhéal Tairbirt.
- N87 Seachród laistigh de Bhéal Átha Chonaill
- N55 Corr Dubh Céim 3 Athailíniú an Bhóthair
- Bóthar Rochtana Thoir go Lár Baile an Chabháin

Cuireadh tús arís mí na Nollag le Tionscadal Gasóga na hÉireann i gCaisleán Sandarsan. do 2011 agus é ina ábhar mór bróid don Chontae is don dúthaigh máguaird nuair a chríochnófar é i 2012.

Tharla Fleadh Cheoil na hÉireann anso arís i 2011 agus ba mhór an onóir dúinn gur roghnaíodh arís sinn is go mbeimid in ann an Fleadh a reachtáil don dtríú bliain as a chéile an bhliain seo chugainn 2012.

Bhí saothar den chéad scoth ar bun ag Údaráis Áitiúla An Chabháin i 2011 agus aithníodh an méid sin go léir trí na cúig mhórghradam náisiúnta a bronnadh orainn:

- Gradam Comhlacht na Bliana sa bhForbairt Phroifisiúnta (CPD) Innealtóirí Éireann
- Gradam Gnó Ealaíon do Chleachtas Coimisiúnaiathe den Scoth le TG4 as an dTionscnamh Caitheamh Solais le John Byrne
- Trí ghradam ó Chumann Lucht Tráchtála na hÉireann, san áireamh an mórghradam Údarás Áitiúil na Bliana 2011.

Bunaíodh tionscadal bríomhar nua “Forbairt Eagraíochta - Athnuachan i gComhar lena Chéile” in Údaráis Áitiúla An Chabháin chun páirtíocht a chur chun cinn, deiseanna a aithint i dtreo athrú mór ar an eagraíocht trí phróisis nua indéanta a rachaidh chun tairbhe na heagraíochta.

Rinne an Fhoireann Fuinnimh dul chun cinn suntasach agus bearta éagsúla á mbrú chun cinn acu chun feidhmiú funnimh a fheabhsú agus airgead a spáráil.

Is léir ón gcuntas sa Tuarascáil seo gur lean Údaráis Áitiúla An Chabháin de shaothar mór chun réimse leathan seirbhísí éagsúla a sholáthar i gcaitheamh na bliana.

Is fíor go raibh iliomad dúshlán agus deiseanna romhainn i 2011 ach bhí idir bhaill agus an fhoireann in ann déileáil leo ar bhonn dearfach chun dul i bhfeidhm ar ár dtimpeallacht chomh fada agus ab fhéidir leo. Gabhaim buíochas leis an bhfoireann go léir as a gcomhoibriú, tiomantas agus teacht aniar sa tréimhse chruaidh ina mhairimid agus sinn ag plé le gach saghas athruithe in aghaidh an lae.

Is mian liom buíochas a ghabháil freisin leis an gCathaoirleach is leis na baill tofa as a bheith de shíor go tiomanta díograiseach i rith na bliana 2011 ar son an chontae. Tá an-chreidiúint ag dul chomh maith do phobail is do dhaoine aonair a chuireann go mór lena gceantar féin trí ról lárnach a ghlacadh i saol na haite agus trí obair shaorálach a chur i gcrích.

Ag féachaint siar is ag féachaint romhainn tá dóchas againn leanúint den chomhoibriú chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar gan stad. Is féidir tógaint ar na gaiscí atá déanta cheana féin againn chun dul i bhfeidhm go mór ar cháilíocht bheatha an Chontae.

**Jack Keyes**
**Bainisteoir Contae**

## Na Toghcheantair agus na hIonadaithe

Comhairle Contae an Chabháin

**Coill an Chollaigh**
David Blake
Aidan Boyle
Fergal Curtin
Paddy McDonald
Sean McKiernan
John O'Hare
Niamh Smith

**Baile Shéamais Dhuibh**
Daniel Brady
Dessie Boylan
Paddy O'Reilly
Shane P. O'Reilly
Paddy Smith
Pauline Tully-McCauley

**Béal Tairbirt**
Damien Brady
John Paul Feeley
Maura Maguire Lynch
Peter McVitty
Sean Smith

**An Cabhán**
Madeleine Argue
Winston Bennett
Andrew Boylan
Charlie Boylan
Gerry Murray
Val Smith
Patricia Walsh

**Comh Baile an Chabháin**
Paddy Conaty
Paddy O'Reilly
Andrew Boylan
Brian McKeown
Terry Argue
Des Cullen
Patricia Walsh
Jacqui Lewis
Paddy Sexton

**Comh Baile Bhéal Tairbirt**
John Scott **
Raymond Johnston
John McDonald
Seamus Fitzpatrick
Liz McDermott
Tony Gorby
Paddy Brady
Mickey Lee
Peggy Grey

**Comh Baile An Mhuinchille**
Aidan Boyle
Paddy Halton
Michael McCarey
Sean Igoe
Harry McCabe
John Martin
Vincent McCaul
Don Smith
Damien Kivlehan

** Meitheamh 2011 d'imigh John Scott ar scor is tháinig Barry Wilson ina áit

## Cruinnithe Údarás Áitiúla i 2011

| | Líon |
|---|---|
| Míosúil, Athionóil agus Speisialta | 20 |
| Ollchruinniú Bliantúil | 1 |
| Cruinniú Bliantúil Buiséid | 1 |
| Grúpa Polasaí Corparáideach | 12 |
| Coiste Polasaí Straitéiseach Tithíocht agus Cultúr | 3 |
| Coiste Polasaí Straitéiseach Comhshaol agus Uisce | 2 |
| Coiste Polasaí Straitéiseach Bóithre agus Bonneagar | 3 |
| Coiste Polasaí Straitéiseach Pobal agus Sóisialta | 1 |
| Coiste Polasaí Straitéiseach Geilleagar, Tuaithe agus Pleanáil | 1 |

## Comhdhálacha/Seimineáir/Ócáidí ag a raibh Baill Tofa

| Comhdháil | Láthair | Dáta | Líon na mBall |
|---|---|---|---|
| Comhdháil Eacnamaíoch TJK | Tua-mhumhan Luimní | 28-29 Eanáir | 9 |
| Seimineár Earraigh AMAI | Beanntraí Corcaigh | 11-12 Feabhra | 1 |
| Scoil Gheimhridh Cholmcille | Leitir Ceanainn Dún na nGall | 25-27 Feabhra | 1 |
| Comhdháil Turasóireachta Cheatharlach | Ceatharlach | 3-5 Márta | 2 |
| Fiontair Esperanza "Dlí Fostaíochta agus Ceisteanna Árachais" | Kingsvalley Gaillimh | 4-6 Márta | 1 |
| Seimineár ICBAN Cuimsiú Sóisialta | Sligeach | 25 Márta | 1 |
| Cumann Comhairlí Contae agus Cathrach Comhdháil Bhliantúil | An Tulach Mór | 24-25 Márta | 7 |
| Cumann Oidhreachta Ráth Tuaidh Comhdháil Comhshaoil | Trá Lí Ciarraí | 7-10 Aibreán | 8 |
| Comhdhálacha Ceilteacha "Todhchaí na Polaitiúla Áitiúla" | Ros Ó gCairbre Corcaigh | 15-17 Aibreán | 1 |
| Comhdháil TGR "Máistreacht ar do chuid Ama" | Óstán Southern Sligeach | 15-17 Aibreán | 1 |
| Fiontair Esperanza "Comhaontú Aoine an Chéasta - Rialtas Áitiúil Thuaiadh agus Theas" | Uachtar Ard, Gaillimh | 15-17 Aibreán | 3 |
| Comhdháil Earraigh LAMA | Dún Dealgan Lú | 29-30 Aibreán | 11 |
| Tionól Reigiúnach BMW Comhdháil Bhliantúil | Áth Luain, Iarmhí | 06 Bealtaine | 1 |

| Comhdháil | Láthair | Dáta | Líon na mBall |
|---|---|---|---|
| Scoil Samhraidh Byrne Perry | Loch Garman | 24-26 Meitheamh | 4 |
| Scoil Samhraidh Synge | Cill Mhantáin | 30 Meith-3 Iúil | 8 |
| Scoil Samhraidh MacGill | Na Gleannta | 24-29 Iúil | 13 |
| Scoil Samhraidh Parnell | Avondale Cill Mhantáin | 14-19 Lúnasa | 10 |
| Comhdháil Bhliantúil AMAI | Baile Átha Troim An Mhí | 8-10 Meán Fómhair | 2 |
| Comhdháil Trasteorann ICBAN | Fear Manach | 15 Meán Fómhair | 3 |
| Seimineár Fómhair LAMA | Dún Garbhán Port Lairge | 23-24 M Fómhair | 9 |
| Comhdháil Tráchtála Chluain Meala Fiontar Náisiúnta | Cluain Meala Tiobrad Árann | 29-30 M Fómhair | 1 |
| Comhairle Baile Na Clocha Liatha Seimineár Oidhreacht La Touche | Na Clocha Liatha Cill Mhantáin | 30 M Fómhair-2 D Fómhair | 2 |
| Comhdháil Oideachais Saoil Chiarraí Mí-úsáid Substaintí agus Alcóil | Cill Airne Ciarraí | 6-7 D Fómhair | 4 |
| Seimineár TJK Rialtas Áitiúil agus Pleanáil | Luimneach | 7-9 D Fómhair | 1 |
| Comhdháil Cónaidhm Íobartach "Íobartaigh Coiriúlachta - praghas air don Phobal" | Trá Lí Ciarraí | 14-16 D Fómhair | 4 |
| Seimineár ICBAN "Comhiarracht Áitimh" | Carraig Droma Rúisc | 25 D Fómhair | 8 |
| Comhdháil Idirnáisiúnta "Oiliúint Trasteorann is Measúnú Tionchair in Éirinn agus san Eoraip" | An Cabhán | 27-28 D Fómhair | 2 |
| Plé Náisiúnta "Ag Iorg Smaointe sa Todhchaí - Geilleagar don Sochaí" | Corcaigh Samhain | 05 | 1 |
| Comhdháil ICBAN "Athbhunu Geilleagar Réigiún na Teorann" | An Cabhán Samhain | 17-18 | 1 |
| Comhdháil ICBAN "Gréasáin á dTógáil" | Bun Dobhráin, Dún na nGall | 22 Samhain | 2 |
| Comhdháil Turasóireachta An Chláir | Inis Díomáin An Clár | 24-26 Samhain | 6 |
| Comhdháil ICBAN "Sealbhú Sonraí: Mórán Eolais, Beagán Léargais" | An Cabhán | 01 Nollaig | 5 |
| Seimineár Seirbhísí Oiliúna "An tAcht Seirbhísí Uisce (Leasú) 2011" | Bun Chlódaigh | 9-11 Nollaig | 2 |

| Comhdháil | Láthair | Dáta | Líon na mBall |
|---|---|---|---|
| Seimineár Seirbhísí Ashford "Atheagrú Moltar ar an gComhpholasaí Talmhaíochta" | Trá Lí Ciarraí | 9 to 11 Nollaig | 2 |
| Mórshiúl na Feile Pádraig agus Dinnéar Cumann Muintir An Chabháin | Nua Eabhrach | 15-21 Márta | 1 |
| Dinnéar Cumann Muintir An Chabháin | Luton Sasana | 30 Meán Fómhair - 2 D Fómhair | 1 |
| Dinnéar Cumann Muintir An Chabháin | Londain Sasana | 22-24 D Fómhair | 1 |

## Ionadaíocht ar Údaráis Phoiblí agus Comhlachtaí eile

**Údarás Réigiún na Teorann:** Comhairleoirí A. Boyle, A. Boylan, V. Smith, P. Smith, S. Smith agus D Brady.

**Coiste Oibrithe an Aontais Eorpaigh:** Comhairleoir P. Smith

**Tionól Réigiún Teorann:** Comhairleoirí A. Boyle agus Councillor A. Boylan

**Bord Fiontair Contae An Chabháin:** Comhairleoirí N. Smyth agus J. P. Feeley. Cumann **Comhairlí Contae agus Cathrach:** Comhairleoirí P. McVitty, D. Boylan agus J.P. Feeley.

**Cumann Ball Údarás Áitiúla (LAMA):** Comhairleoir M. Maguire Lynch.

**Gréasán Ceantar na Teorann (ICBAN):** Comhairleoirí W. Bennett agus F. Curtin.

**Breffni Comhtháite Teo:** Comhairleoirí D. Boylan, S.P. O'Reilly agus P. McCauley.

**Árachas Comhlachtaí Poiblí na hÉireann:** Comhairleoir Damien Brady.

**Fóram Sláinte Réigiúnach FSS - Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh:** Comhairleoirí P. O'Reilly, G. Murray agus P. McDonald.

**Coiste Gairmoideachais Contae An Chabháin:** Comhairleoirí M. Argue, D. Blake, S. McKiernan, P. O'Reilly, V. Smith, M. Maguire Lynch, S. P. O'Reilly, P. Walsh agus P. McCauley

**Comhar Spórt An Chabháin:** Comhairleoirí M. Argue, P. Walsh agus P. McDonald.

**Bord Forbartha Contae An Chabháin:** Comhairleoirí G. Murray, P. McVitty, M. Argue, P. O'Reilly, C. Boylan agus S. McKiernan

**Comhchoiste Póilíneachta Contae An Chabháin:** Comhairleoirí Sean Smith, Paddy O'Reilly, Gerry Murray, Paddy Smith, Niamh Smyth, Winston Bennett, Danny Brady, Maura Maguire Lynch, Sean McKiernan, Dessie Boylan, Paddy McDonald, Peter McVitty

## Íocaíochtaí le Baill Chomhairle Contae an Chabháin

| | |
|---|---|
| Liúntas Bliantúil Costais<br>(taisteal, cothabháil is ilchineálach m.sh. postas) | m121,670.28 |
| Íocaíochtaí Ionadaíochta | m416,650.00 |
| Cathaoirleachs/Leas Cathaoirleach | m25,528.07 |
| Cathaoirligh Bheartas Straitéiseacha | m30,000.00 |
| Cathaoirleach Bord Forbartha Contae | m6,000.00 |
| Taisteal/Cothabháil Comhdhálacha/Seimineáir/ionadaíocht | |
| (a) Home | m74,366.27 |
| (b) Abroad | m1,317.45 |

## Fáiltithe an Cathaoirligh le linn 2011

1. Foireann CLG Institiuid an Chabháin Craobh nahÉireann agus Buaiteoirí Léige 2011 mí Aibreáin 2011
2. Gaiscí Lúthchleasaithe Oilimpeacha Speisialta 2010 mí Bhealtaine 2011
3. Fáiltiú Mná na hÉirne mi Iúil 2011
4. Coiste Feile Choill an Chollaigh/Coiste Seó Choill an Chollaigh/Curaí Cluichí Pobail Laistigh/Jean Pierre Daveluy mí Lúnasa 2012
5. PJ Rudden, Cabhánach, a toghadh mar Uachtarán ar Innealtóirí Éireann is ar son a bhfuil bainte amach aige san earnáil mí na Samhna 2011

## Plean Corparáideach


**Ráiteas Misin:** **“Bainfear an barr feabhais amach inár saothar”**
Díreoimid trí ghníomhú ar fhorbairt inmharthana an chontae agus treoir á tabhairt, cothófar muinín as an dtodhchaí, feabhsófar caighdeán beatha ár saoránach agus cuirfear sochaí cothrom cuimsitheach chun cinn.

**Ár gcuid Prionsabal**
Deirtear san aiseolas agus trín bhfoireann go mbíonn ár gcuid prionsabal mar bhonn faoi shaothar iomlán Údarás Áitiúla an Chabháin. Déanfar iarracht orthu siúd a léiriú agus sinn ag plé le cách idir pobal is eagraíochtaí nó ag soláthar seirbhísí.

| | |
|---|---|
| **Ionracas...** | an fhírinne a insint |
| **Cúirtéis...** | béasa agus meas ar chach |
| **Cúnamh...** | sásta cabhrú le comharsa |

| | |
|---|---|
| **Oscailteacht...** | Fiosracht i leith smaointe nua |
| **Dul chun cinn...** | nuálach agus comhaimseartha |
| **Freagracht...** | dáiríre faoinár ndualgas |
| **Iontaofacht...** | beart de reir ár mbriathar |
| **Cuimsiú...** | fáilte roimh éagsúlacht |

Mairfimid trí na prionsabail chéanna sa chaint is sa chaidreamh a bhíonn againn agus i dtógáil cinní. Ar an gcuma san cruthófar eitic a bheidh go hiomlán dearfach i leith páirtithe leasmhara agus úsáideoirí seirbhísí.



## Foireann Bhainistíochta

**Bainisteoir Contae**

**Stiúrthóir Seirbhíse** Pleanáil, Corparáideach, Daonacmhainní Pobal & Fiontar Comhairle Baile an Chabháin

Pleanáil, Forbairt Eacnamaíochta, Rialú Foirgníochta, Forbairt Phobal, Cuimsiú Sóísialta, Oidhreacht, Caomhnú, Caitheamh Aimsire & Spórt Daonacmhainní, Oiliúint, Seirbhísí D'IonadaitheTofa, Seirbhís don Chustaiméir, Clár na dToghthóirí agus Pinsin

**Stiúrthóir Seirbhíse**
Bonneagar, Cúrsaí Cultúrtha Tithíocht

Dearadh Bóithre, Foirgníocht Cothabháil, Bainistiú Tráchta, agus Sábháilteacht, Soilsiú Poiblí Leabharlanna, Músaem, Amharclann, Ealaíon, Cothabháil Tithíochta, Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS), Iasachtaí, Deontais, Cóiríocht don Lucht Siúil/Daoine gan Dídean

**Stiúrthóir Seirbhíse**
Seirbhísí Uisce,
Dramhaíl/Comhshaol
Dramhaíl/Comhshaol
Turasóireacht

Cosaint Chomhshaol, Bainistiú Dramhaíola, Tine, Seirbhísí Éigeandála, Caomhnú Fuinnimh, Soláthar Uisce & Séarachas, Seirbhísí Uisce & Fuíolluisce, Caomhnú, Bailiú Muirir Uisce, Reiligí, Rialu Madraí

**Bainisteoir Airgeadais**
Airgeadas, Seirbhísí Eolais

Bainistíocht Airgeadais, Mótarchánach, Bailiú Rátaí/ NPPR, Iasachtaí Tithíochta, Íoc Sonrasc, Párolla, Pinsin agus Teicneolaíocht an Eolais

## Inrochtaineacht

I 2011 leanamar den inrochtaineacht seirbhísí agus don chontae a fheabhsú is a mhéadú. Bhí cruinnithe ráithe ag an bhFoireann Inmheánach CRAIC (Cóiríocht Réasúnta a Chruthú sa Chabhán) chun a dheimhniú go mbíodh an inrochtaineacht de shíor os ár gcomhair. Is mór againn an t-am agus an dua a chaith an grúpa Comhairlitheach CRAIC leis an bpróiseas comhairliúcháin. Trín bpróiseas úd cinntítear go spreagfar sinn i mbun gníomhaíochtaí faoi threoir maidir le rochtain seirbhísí do chách.

**DisabledGo: Treoir Rochtain An Chabháin Ar Líne (www.disabledgo.com)**
Tharla an athnuachan bliantúil ar fheasacht i measc pobal gnó an Chabháin agus rinneadh uasdhátú ar an eolas a bhí cheana féin acu maidir le lucht míchumais idir mhuintir an Chabháin agus cuairteoirí.

Chun an t-eolas cuí a scaipeadh scríobhtar chuig gnóthaí sa Chabhán agus glaotar orthu, méadaítear an fheasacht is an eolas trí chomhairle a chur ar dhaoine. Labharthar le baill fhoirne a bhíonn ag plé go rialta leis an bpobal chun béim a leagan ar an dtábhacht a bhaineann le rochtain do lucht míchumais a sholáthar agus ar an leas a bhaintear as.

**Feidhmchlár iFón Rochtain An Chabháin**
Seoladh Feidhmchlár iFón Rochtain An Chabháin mar a bhful an t-eolas is déanaí maraon le físeáin faoin inrochtaineacht sa Chabhán. Tá léarscáil rochtana a léiríonn gach aon chuas páirceála i mbailte móra an chontae agus úirlis freisin chun ceisteanna faoi phairceáil mhí-dhleathach nó aon bhac ar chomharthaíocht a chur in iúl dúinn. Feidhmchlár saoráideach is ea é seo, is féidir é a íoslódáil saor in aisce ón Siopa Feidhmchlár iFón.

**Fleadh Cheoil 2011: Fleadh Inrochtana**
Rinneadh tréaniarracht lena chinntiú go mbeadh taithí dearfach ag na cuairteoiri ar fad a a tháinig go baile An Chabháin le linn treimhse na féile. Bhí an-chuid de na gnéithe agus na tionscadail chéanna a bhí againn i 2010 ar bun arís don bhféile seo 2011. De bharr aiseolais agus moltaí áfach, cuireadh leis an méid sin fós. Bhí breis soláthair pháirceála, feabhsaíodh an chomharthaíocht, tógadh ardán speisialata don radharc ar son sábháilteachta agus bhí ceathanna inrochtana ar na láithreacha campála.



Ardán Inrochtana don bhFleadh Cheoil 2011

**Linn Snámha agus Ionad Fóillíochta An Chabháin**

Fuaras maoiniú do sé chinn de phíosaí trealaimh inrochtana atá creidiúnaithe ag an IFI. Chun ‘Creidiúnacht IFI’ a bhaint amach caithfidh an trealamh a bheith go hiomlán cuimsitheach, inúsaidte ag lucht míchumais chomh maith le cách chun leas a bhaint as oibriú iomlan coirp ar bhonn friotaíochta agus cardiach.



Trealamh Inrochtana Giomnáisiam

**Scéim na dTeangacha Oifigiúla**

Faoi réir Alt 11 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá Scéim na dTeangacha Oifigiúla 2009 - 2012 anois ag Údaráis Áitiúla An Chabháin. Tá rún ag Údaráis Áitiúla An Chabháin an scéim úd a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach.

# Pleanáil, Forbairt Eacnamaíoch, Seirbhísí Corparáideacha, Pobal agus Fiontar agus Comhairle Baile An Chabháin

**Pleanáil, Forbairt Eacnamaíoch**

Tá an Roinn Pleanála freagrach as na hAchtanna um Phleanáil agus Forbairt 2000 - 2010 agus na Rialacháin um Phleanáil agus Forbairt 2001-2007 a chur i bhfeidhm. Tá ceithre réimse oibre ag an Roinn Pleanála:

- Rialú Cúrsaí Forbartha
- Rialú Géilliúlachta, Forfheidhmithe, Cúrsaí Foirgníochta
- Pleanáil ar Aghaidh agus Oidhreachta
- Forbairt Eacnamaíoch

I dteannta a chéile treoraíonn na ceithre réimsí an fhorbairt fhisiciúil agus eacnamaíoch don chontae san am i láthair agus sa todhchaí.

Bíonn Rialú Forbartha ag plé le hiarratais phleanála in aghaidh an lae. Pléann Rialú Géilliúlachta agus Forfheidhmithe le coinníollacha iarratas agus le ceisteanna forfheidhmithe go ginearálta, baineann pleanáil ar aghaidh leis an bPlean Forbartha Contae is le Pleananna Ceantar Áitiúla, Bailte agus Sráidbhailte.

I bPlean Forbartha Contae an Chabháin 2008-2014 agus Plean Forbartha Baile An Chabháin agus Timpeallacht 2008-2014, tá leagan amach pleanála agus forbartha don limistéar cuí go ceann sé bliana. Glacadh leis an bPlean Forbartha Contae 13 Deireadh Fómhair 2008 ach leasaíodh é 27 Meán Fómhair 2011 mar gheall ar Straitéis Lárnach is ar athruithe ar na pleananna bailte agus sráidbhailte. Cuireadh athrú ar Phlean Baile An Chabháin agus Timpeallacht 2008-2014 chun céimniú tailte cónaithe sa Cheantar céanna agus Straitéis Lárnach a chur isteach. Glacadh leis sin ar 26 Meán Fómhair 2011.

Tháinig laghdú i 2011 ar an líon iarratas pleanála seachas 2010. Ní bhfuarthas ach 353 iarratas ó thús deireadh na bliana. Don chuid is mó i 2011 baineadh le forbairtí beaga mar shínte, garáistí tí nó le hiarratais ar struchtúr a choimeád mar atá. Tá athrú ar obair na ranna anois agus an bhéim ar ghéilliúlacht do choinníollacha pleanála, go háirithe le hairgeadas. Tháinig méadú an-mhór arís i mbliana ar an lion iarratas chuig an Roinn Pleanála a lorgaíonn síneadh ama. Anois faoin Acht Pleanála 2010 is féidir suas le cúig bliana a cheadú ar iarratas pleanála má chomhlíontar crítéir áirithe faoi Acht céanna.

**Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha**

Ghlac an Chomhairle le leasú ar an Scéim do Ranníocaíochtaí Forbartha ar 1 Samhain 2008. Faoin Scéim seo is féidir le Comhairle Contae an Chabháin, faoi réir Alt 34 den Acht um Phleanáil agus Fobairt, coinníollacha a chur le cead pleanála d'fhonn ranníocaíocht a éileamh. Dáiltear an ioncam a bhailítear ón scéim seo ar áiseanna agus ar bhonneagar poiblí chun leas forbartha an Chontae nó ar son na Comhairle.

**Oidhreacht**

Tá réimse leathan dualgas ar an Oifig Oidhreachta maidir le gnéithe Oidhreachta sa Chontae. San áireamh tá leachtanna, nithe seandálaíochta agus oidhreachta, oidhreacht ailtireachta, fásra, ainmhithe, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, geolaíocht, gáirdíní oidhreachta, páirceanna poiblí agus uiscebhealaí intíre.

Tá Oifig Oidhreachta Comhairle Contae an Chabháin freagrach as:

- Oidhreacht Chontae an Chabháin a bhainistiú agus a chaomhnú
- Éagsúlacht agus saibhreas ár n-oidhreachta a chaomhnú inniu agus sa todhchaí
- Meas an phobail ar an oidhreacht a éascú
- Eolas ar ghnó a bhaineann le hoidhreacht a scaipeadh ar an hearnála go léir

Thug an Oifig Oidhreachta faoi pháirt a glacadh sa Chiste Struchtúr i mBaol 2011 de chuid An Roinn Chomhshaol, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Faoin scéim úd fuarthas €20,000 do Theach See Chill Mhór chun stop a chur leis an uisce a bhí ag teacht isteach sula ndéanfaí tuilleadh damáiste don struchtúr. I dteannta na Comhairle Oidhreachta, rinne an Oifig Oidhreachta Suirbhé Reiligí agus Tionscnamh Gnéithe Bradacha.

**Rialú Géilliúlachta, Forfheidhmiú agus Cúrsaí Foirgníochta**

Sa chuid den Roinn Pleanála atá freagrach as Géilliúlacht, Forfheidhmiú agus Rialú Foirgníochta leanadh den mhonatóireacht agus den chigireacht chun a chinntiú go gcloítear leis na Rialacha Foirgníochta agus Coinníollacha Pleanála. Sa rannóg seo cuirtear dea-chleachtas chun cinn maidir le dearadh agus le foirgníocht; dírítear go háirithe ar chaomhnú fuinnimh agus ar áiseanna cóiríochta do lucht míchumais.

Le linn 2011 fuarthas 162 Fhógra Tosach Feidhme sa Roinn Pleanála. Bítear ag plé go háirithe le heastáit tithíochta agus ag bualadh le forbróirí ar fud an chontae maidir leis na caighdeáin fhorbartha a élítear d'eastáit chríochnaithe.

**Coiste um Bheartas Straitéiseach agus Forbairt Eacnamaíoch Tuaithe:**
Is iad seo a leanas baill an Choiste:
Comhairleoir Gerry Murray (Chairman), Comhairle Contae an Chabháin Comhairleoir Winston Bennett, Comhairle Contae an Chabháin Comhairleoir David Blake, Comhairle Contae an Chabháin
Comhairleoir Damien Brady, Comhairle Contae an Chabháin
Comhairleoir Fergal Curtin, Comhairle Contae an Chabháin Comhairleoir Des Cullen, Comhairle Baile An Chabháin
John Foy, Lucht Gnó
Thomas Cooney, Cumann Feirmeoirí na hÉireann Madeleine Ní Mhéalóid, Pobal agus Fiontar Fintan Mc Cabe, Lucht Comhshaoil

## Gnóthaí Corparáideacha agus Daonacmhainní

**Earcaíocht**

Tá an Rannóg Donacmhainní freagrach as gach aon gné den tseirbhís a bhaineann le Daonacmhainní. San áireamh tá Earcaíocht, Roghnú agus Bainistíocht ar mhóran grád agus dualgas laistigh den eagraíocht. Pléitear le hOiliúint agus Forbairt, Leas Foirne, Caidreamh Tionsclaíoch, An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS), Comhpháirtíocht sa Láthair Oibre, Comhionannas agus Éagsúlacht is le Pinsin.

- Tharla 3 chomórtas agus earcaíodh 7 mball foirne. D'imigh 13 bhall ar scor agus guímid gach rath orthu amach anseo

- Tháinig 9 chugainn faoin scéim JobBridge, anScéim Intéarnachtaí Náisiúnta a ligeann dóibh taithí oibre a dhéanamh go ceann 6 nó 8 mí.

**Leas Foirne**

Tuigeann Comhairle Contae an Chabháin go gcaithfidh cothromaíocht a bheith ann idir saol na hoibre agus saol an teaghlaigh, dá bhrí sin tá scéimeanna mar Saoire Tuismitheoirí, Saoire Atruach, Saoire Force Majeure, Postroinnt, Saoire Téarma Scoile agus Sosanna Gairme.

Cinntítear sa Roinn Daonacmhainní go gcuirtear chun cinn an comhionannas i measc na foirne agus táimid tiomanta don bprionsabal go gcaitear leis na fostaithe go léir ar bhonn comhionannais agus le dignit.

**Caidreamh Tionsclaíoch**

Le linn 2011, lean Comhairle Contae an Chabháin de bheith ag plé go dearfach le hIonadaithe Ceardchumann chun dea-chaidreamh a chothú sa láthair oibre; socraítear cruinnithe agus comhfhreagras ar bhonn tráthuil oscailte I gcónaí.

**Tascairi Seirbhíse**

% laethanta amú de dheasca tinnis:

| | Tinneas le Teastas | Tinneas gan Teastas |
|---|---|---|
| 2007 | 3.08% | 0.43% |
| 2008 | 3.75% | 0.39% |
| 2009 | 4.38% | 0.24% |
| 2010 | 4.19% | 0.34% |
| 2011 | 4.17% | 0.25% |

**Comhpháirtíocht/Córas Bainistíochta Forbartha Feidhmíochta (PMDS)**

I 2011 ullmhaíodh leis an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) a athbhunú san eagraíocht. Rineadhh an-chuid oibre i dtreo soláthar céimneach den tsamhail nua a chur i gcrích.

Beidh PMDS mar thimthriail iomlán feidhmíochta go ceann bliana. Tharla cúrsa feasachta ar an gcóras PMDS don bhfoireann go léir. Tá sé i gceist a thuilleadh oiliúna sa chóras a chur ar fáil go luath i 2012.

**Oiliúint agus Forbairt**

Tuigeann Údaráis Áitiúla an Chabháin an tábhacht a bhaineann le lucht oibre solúbtha agus sároilte. Trín oiliúint i rith na bliana bhí deis forbairt is feabhsú feidhmíochta ag an bhfoireann maraon le plé ar dhúshlán a shárú agus ceannaireacht a léiriú laistigh den eagraíocht.

I 2011 bhí béim speisialta ar Shláinte agus ar Shabháilteacht. Ar na tionscadail eile oiliúna bhí Comhairle, Cúram Custaiméirí, Oibriú mar Mheitheal, Feasacht PMDS, Feasacht Aois agus Bac Radhairc. Tugadh cúrsaí freisin ar líne mar Theagasc Béarla Soiléir, Scríobh do Shuímh Idirlín agus Oiliúint Bhunúsach d'fhoireann Leabharlainne. Tréaslaímid le cách a bhain amach cáilíochtaí sa réimse leathan dámh a bhí ar bun.

Tá Comhairle Contae an Chabháin ar chúig údarás áitiúla atá páirteach sa scéim píolótach. Forbairt ar Chreat Cumais. Leanadh den oiliúint chuige sin. Le cúpla bliain anuas bhí Forbairt Cheannaireachta ar bun sa Chomhairle Contae, rud a ligeann d'fhostaithe an leas is fearr a bhaint as a mianach féin, muinín iontu féin a chothú,

oibriú mar bhall meithil agus fadhbanna a réiteach ar bhonn nuálach. Ag tógáil ar an gclár úd i 2011 bhunaigh Commhairle Contae an Chabháin tionscadal "Forbairt Eagraíochta - Athnuachan trí Chomhoibriú". Chun déileáil le tosaíochtaí atá againn sa Phlean Corparáideach, ceadaíodh 12 thionscnamh de reir Comhaontú Aoine an Cheasta. Bunaíodh foirne ilearnála chun treoir a thabhairt agus tá ag éiri go maith leis an gclár maidir le comhoibriú foirne, deiseanna athruithe a aithint. Beirtear isteach próisis fíorluachmhar, dairíre agus indéanta chun leas na heagraíochta ar an iomlán.

**Saoráil Faisnéise (FOI)**

Tá an tAcht um Shaoráil Faisnéise i bhfeidhm ón 21 Aibreán, 1998. Tá sé de cheart ag an bpobal:

- Teacht ar thaifeadtaí oifigiúla atá ag comhlachtaí poiblí.
- A leithéid d'eolas pearsanta ag na comhlachtai úd a cheartú agus é a uasdhatú nuair is gá.
- Eolas a fháil ar fháthanna aon chinneadh ó chomhlacht phoiblí a théann i bhfeidhm orthu.

2011 Staitisticí Saoráil Faisnéise do Comhairle Contae an Chabháin:

| | |
|---|---|
| Cásanna fágtha ó 2010 | 1 |
| Líon Iarratas Nua Faighte: | 18 |
| Líon Iarratas Deonaithe go hiomlán: | 11 |
| Líon Iarratas Deonaithe go Pointe: | 0 |
| Líon Iarratas Diúltaithe: | 4 |
| Tarraingthe siar/réitithe den FOI: | 4 |
| Líon atá fós beo 31 Nollaig 2011 | 0 |

**Deontais Ardoideachais**

Riarann Comhairle Contae an Chabháin an Scéim Deontas Ardoideachais dóibh siúd sa chontae a mbíonn cúrsá aitheanta ar bun acu i gceann de na hinstitiúidí seo:

- Ollscoil;
- Institiúid cheaptha oideachais in Éirinn (mar shampla coláiste oideachais);
- Cúrsa aitheanta d'fho-chéimithe in institiúid aitheanta oideachais san EU;
- Cúrsa aitheanta d'fho-chéimithe in institiúid aitheanta oideachais sa Tuaisceart.

Bronnadh Deontais Ardoideachais ar 609 mac léinn idir nua agus leanúnach le linn na bliana acadúla 2011/2012

Íoctar Deontas Speisialta Cothabhála le mic léinn faoi choinníollacha áirithe mar shampla teaghlach ar ioncam íseal. Faoi Nollaig 2011 bhíothas tar éis 147 deontas Forlíontach dá leithéid a bhronnadh don bhliain acadúil 2011/2012.

**Clár na dToghthóirí**

Tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as an nDréachtchlár agus as an gClár Beo Toghthóirí a chur le chéile maraon leis an bhForlíonadh. Foilsítear an Clár in aghaidh na bliana ar an 1 Feabhra le teacht i bhfeidhm ar an 15 Feabhra dar gcionn.

Tá na catagóirí seo a leanas sa Chlár Toghthóirí: toghthóirí na hUachtaránachta, na Dála, Eorpacha agus Rialtais Áitiúla. Braitheann an catagóir agus an saghas toghcháin a bhaineann leo ar shaoránacht an duine mar a leanas:

| Saoránaigh | Toghcháin ina bhfuil ceart vótála |
|---|---|
| Na hÉireann | Gach toghchán agus Pobalbhreith |
| Na Breataine | Dáil, Eorpach agus Áitiúil |
| Tíortha eile AE | Eorpach agu Áitiúil |
| Tíortha lasmuigh den AE | Údaráis Áitiúla amháin |

Chun gur feidir clárú mar thoghthóir, caithfidh an duine a bheith:

- ar a laghad 18 mbliana deag ar an 15 Feabhra i mbliain fheidhmithe an Chláir.
- Ionnaithe de ghnáth i gceann amháin de na ceithre thoghcheantar ar an 1 Meán Fómhair sa bhliain díreach roimh bhliain fheidhmithe an Chláir.

Má bhogtar go dtí áitreabh nua, féadfar an duine a chur ar an bhForlíonadh faoin seoladh nua ach amháin má bhíonn an duine cláraithe mar thoghthóir ag seoladh éigin eile nó má shocraíonn siad ar an ainm faoin seoladh eile a bhaint den gClár.

Ba é líon na dToghthóirí i gContae an Chabháin de réir Clár na dToghthóirí 2011/2012 ná 54,993 is iad roinnte ar na toghcheantair mar a leanas:

| Toghcheantar Áitiúil | Líon na dToghthóirí |
|---|---|
| Coill an Chollaigh | 15,360 |
| Baile Shéamais Dubh | 14,452 |
| Béal Tairbeart | 10,428 |
| An Cabhán | 14,753 |
| Iom lán | 54,993 |

Tharla Toghchán na Dála ar an 25 Feabhra 2011 agus toghadh na Teachtaí seo a leanas do Thoghcheantar An Cabhán/Muineachán:

| | |
|---|---|
| Brendan Smith | Fianna Fáil |
| Sean Conlon | Fine Gael |
| Heather Humphries | Fine Gael |
| Joe O'Reilly | Fine Gael |
| Caoimghin Ó Caoláin | Sinn Féin |

Tharla Toghchán don Seanad mí Aibreáin 2011, toghadh Diármuid Wilson (Fianna Fáil) agus Kathryn Reilly (Sinn Féin) do Thoghcheantar an Chabháin.

Tharla an tríú thoghchán déag Uachtaránachta ar an 27 Deireadh Fómhair 2011. Toghadh Mícheál D Ó hUiginn ina Uachtarán. An lá céanna bhí dhá Phobalbhreith - ceann amháin ar phá na mbreitheamh agus Pobalbhreith ar fhiosruithe an Oireachtais.

## Pobal agus Fiontar, Cuimsiú Sóisialta

**An Rannóg Phobail agus Fiontair**

Tacaíonn an Rannóg Phobail agus Fiontair leis an mBord Forbartha Contae agus monatóireacht ar siúl acu ar an straitéis deich mbliana agus leis na fochoistí Forbairt Gheilleagair, Talmhaíochta agus Beartas um Chuimsiú Sóisialta.

Bhí cúig chruinniú ag an mBord Forbartha Contae i 2011 agus tharla dul chun cinn ar cheisteanna mar shuíomh idirlín a fhorbairt don Chabhán www.cavan.ie a sheolfar i 2012. Tá sé i gceist go mbeidh gach saghas eolais ar an suíomh úd d'éinne a bheadh ag iarraidh gnó a lonnú nó athlonnu sa Chabhán. Sheol an Bord Forbartha Contae an Straitéis Áitiúil um Fhrith-Bhochtanas agus Cuimsiú Sóisialta mí Bealtaine 2011.

Tá an Rannóg Phobail agus Fiontair freagrach as an gclár RAPID (Athnuachan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt), Plean Síochána agus Athmhuintearais an Chabháin, Tionscnamh Gasóga Uile-Éireann Caisleán Sandarsan, Comhar Spórt an Chabháin, Tionscnaimh Thaighde, Cuimsiú Sóisialta, Comhairle na nÓg agus Deontais d'Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha.

**RAPID (Athnuachan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt)**

Fuair an t-údarás áitiúil maoiniú nua suntasach don cheantar RAPID (Athnuachan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt) Baile an Chabháin i 2011 chun soláthar seirbhísí a fheabhsú i gcas áiseanna pobail agus caithimh aimsire. Chinntigh Meitheal RAPID Ceantar An Chabháin ar thosaíochtaí mar a leanas:

- Áiseanna nua seomraí gléasta i dTulach Mhongáin
- Faiche nua saorga agus tuilshoilsiú, Tulach Mhongáin
- Tionscnamh Conláistí Pobail Faiche an Aonaigh
- Tionscnamh Loch Glas

Trí mhaoiniú 5,500m faoin mBuiséad Rannpháirteachas Pobail RAPID 2012, tacaíodh le 14 thionscnamh áitiúla. Orthusan bhí:

- MABS an Chabháin: Leabhrán ar bhuiséad teaghlaigh a bhainistiú
- Leabhrán ar Ghníomhaíochtaí Inrochtana i gContae an Chabháin
- Bhí 473 pháiste ag a bhfuil 24 náisiúntacht éagsúla páirteach in Ócáid Ilchultúrtha a d'eagraigh Bunscoil Naomh Clár
- Bhí 82 páirteach idir bhuachaillí is cailíní 6-12 bhliain d'aois i gCampa Samhraidh bliantúil de chuid Cumann Sacair na hÉireann/RAPID.




Grúpa ceoil Bunscoil Naomh Clár a sheinn do sheachtain cuimsiú sóisialta. Anso freisin tá Comhairleoir Paddy Conaty, An Méara Paddy Reilly, Conor Craven Comh-ordaitheoir RAPID, muinteoirí Carmel Lewis, Lisa Geoghegan, Hazel O' Connor, Louise O' Reilly, Anne O' Shea agus an Priomh-Oide Alma Leonard.

## Ionad Sráid an Droichid

Mol gníomhach pobail arís a bhí in Ionad Sraid an Droichid le linn 2011:

- Bhain Coiste Gairmoideachais Contae An Chabháin (VEC) úsáid go rialta as an ionad dá gcuid cúrsaí mar ESOL (An Béarla mar Dhara Theanga nó mar Theanga Breise), Stóráil, Cumursáid agus Cúram Leanaí
- Bunaíodh seirbhís nua, Ionad Eolais agus Deiseanna an Chabháin, le linn 2011 chun freastal ar lucht dífhostaíochta i mBaile anChabháin agus sa dúthaigh máguaird trí sheirbhísí clóscríofa do curriculum vitae is litreacha, fótachóipeáil agus faics.
- Bunaíodh Líne Cabhrach do Sheanóirí i 2011 is é ag oibriú ón Ionad Dé Máirt.

- Bíonn an-éileamh de shíor ar an nGrúpa Tuismitheoirí agus Páistí Beaga agus slua mór fós ag freastal air maidin De Mairt.

**Plean um Shíochán agus Athmhuintearas an Chabháin - Síocháin III**

Bliain rathúil arís a bhí sa bhliain 2011 don gClár Síocháin III faoi stiúir Comhairle Contae an Chabháin le tacaíocht ón mBord Páirtíocht um Shíocháin agus Athmhuintearas Síocháin III.

Stiúraigh Síochain III iliomad tionscnamh frithchiníochais / frithsheictachais agus ina measc siúd bhí taispeántas Anne Frank mí Dheireadh Fómhair. Rugadh an taispeántas anall ó Iontaobhas Anne Frank i Londain chuig áras an Anglo Celt. D'éirigh go hiontach leis an dtaispeántas agus deis ag beagnach 3000 cuairteoir ag cur eolas ar an mbean óg anamúil úd a thuill clú agus cáil domhanda nuair a foilsíodh a dialann.

Tháinig baill fhoirne ón Rannóg Phobail agus Fiontair chun turas timpeall a stiúradh don 1600 scoláire de chuid 40 scoil idir náisiúnta is dara leibhéil as gach cearn den chontae.



Baill Foirne na Comhairle le Daniel Mendoza (Anne Frank Trust) agus Yanky Faschler (urlabhraí na Comhairle Ionadaíoch Giúdach) nuair a seoladh an Taispeántas

Is iad foireann Síocháin III a thugann treoir do lear mór grupaí agus eagraíochtaí pobail ar fud Contae an Chabháin agus iad ag díriú ar ghníomhachtaí Síochána i dtreo caidreamh dearfach inmharthana a bhunú don dtréimhse nuair a bheidh deireadh leis an maoiniú síochána. Ar na himeachtai úd bíonn cúrsaí mar a leanas:

- Ar lorg na Críostaíochta
- Ag saothrú leis An Lucht Siúil
- Cór Óige trasteorann a bhunú
- Ceolfhoireann Trasteorann a bhunú
- Seirbhísí Idirghabhála
- Clár trasteorann oidhreachta is staire do scoileanna
- Clár deontas beaga a chuir maoiniú ar fáil do ghrúpaí pobail.

**Gradam Lucht Tráchtála Tionscnamh na bhFear Síocháin III An Chabháin Thiar** Cúis mhórtais ab ea í do Pháirtíocht um Shíocháin an Chabháin an gradam seo a fháil ó Chumainn Lucht Tráchtála na hÉireann don tionscnamh seo. Cuireadh tús leis thiar i 2009 chun díriú ar chóras tacaithe sóisialta a sholáthar d'fhir thuaithe a mhaireann i gceantair in Iarthar an Chabháin atá tearc i ndaoine. Oibrítrear le grúpaí sa réigiún atá cheana féin ann chun córas fadtéarmach a neartú do na fir seo agus chun iad a spreagadh le páirt a glacadh i ngníomhaíochtaí éagsúla.

Go dtí seo bhí breis is 500 fear páirteach sa tionscnamh. Roghnaíodh na gníomhaíochtaí de réir riachtanas na bhfear agus cruthaíodh naisc le dreamanna éagsula mar CLG, Grúpaí náisiúnta Aois Ghníomhach agus an Grúpa Go for Life.

Tréaslaímid le cách a bhí bainteach leis an dtionscnamh agus leis an Oibrí Forbartha Tionscnaimh Marie O'Reilly.



Ó chlé: Ian Talbot, Príomhfheidhmeannach, Lucht Tráchtála Éireann, Ger Finn, Comhairle Contae an Chabháin, Sean McKiernan, Cathaoirleach Comhairle Contae an Chabháin, An tAire Phil Hogan, T.D., Andrew Cooke, Stiúrthóir, Eirgrid, Jack Keyes, Comhairle Contae an Chabháin.

**Tionscnamh Carúsa Gasóga Uile-Éireann Caisleán Sandarsan**
Caitheadh stad den obair ar Thionscnamh Gasóga Caisleán Sandarsan mí na Márta toisc an conraitheoir a bheith faoi chúram glacadóra. Forbrófar Ionad ilchonláistí agus Eachtraíochta le cabhair ó mhaoiniiú AE, beidh suíomh buan Carúsa ann do ghasóga a thógfaidh 1,000 duine sa turas.

Tharla próiseas fada comhráite i measc na bpáirtithe leasmhara i rith na bliana agus tosaíodh arís ar an dtionscnamh mí na Nollag. Meastar go mbeidh sé go léir déanta faoi Mheitheamh 2012.

**Comhar Spórt an Chabháin**

Fostruchtúr den Bhord Forbartha Contae is ea Comhar Spórt an Chabháin agus tacaíonn An Chomhairle Spórt na hÉireann leis. Tá sé mar aidhm ag an gComhar Spórt an rannphháirteachas sa spórt agus sa chleachtadh coirp a mhéadú do mhuintir uilig an Chabháin.

Is í "Spórt don Bheatha, Spórt do Chach" an fhís atá mar bhunchloch na hoibre ag an gcomhar spórt. Eagraítear cláir um chleachtadh coirp do ghrúpaí faoi leith i.e. mná, cailíní sna déaga, daoine scothaosta, páistí beaga agus do phobail a bhíonn faoi mhíbhuntáistí éagsúla chun rannphairteachas a mhéadú do chách.

Ar na himeachtaí dá leithéid a bhí faoi chúram Comhar Spórt an Chabháin i rith na bliana bhí an méid seo:

- Cuimsiú Spórt
- Pobail Ghníomhacha
- Spórt na mBan
- Bí Gníomhach i gCónaí (dóibh siúd os cionn 50)
- Scéim Deontas do Chlubanna Spórt

Ar na tionscadail nua don chomhar spórt le linn 2011 bhí:

- **Féile Siúlóide an Chabháin:** Don chéad uair riamh tharla Féile Siúlóide an Chabháin deireadh seachtaine Saoire na Bealtaine i gcomhar le Geopháirc Domhanda Uaimheanna agus d'fhreastal breis is 180 duine ar fad ar chúig chinn de shiúlóidí.
- **Clár do Dhaoine Scothaosta:** Bunaíodh seisiúin ghníomhaiochtaí go seachtainiúil I gceantair éagsúla sa chontae do bhreis is 100 duine fásta.
- **Spórt na mBan:** Leanann Comhar Sport an Chabháin den dtacaíocht a thugtar don chlár Sport na mBan trí mhórán deiseanna ar chleachtadh coirp a chur ar fáil dóibh ar fud an chontae. I 2011 bunaiodh clár nua, Oibriú do Mhná, i bpáirt le clubanna áitiúla spórt. Bhí 115 bhean páirteach sa tionscadal úd i 2011.
- **Cumsiú Spóirt**: Leanadh den chlár cuimsiú spóirt do lucht míchumais le linn 2011. Tionscadal nua dá leithéid is ea Campachumais a athug deis do leanaí faoi mhíchumais agus dá dteaghlaigh páirt a glacadh i gcluichí oiriúnacha, tharla na campai le linn saoire na Cásca agus an tSamhraidh.

**Aonad Cuimsiu Sóisialta (SIU)**

I dteannta Bord Forbartha Contae an Chabháin, sheol an tAonad Cuimsiú Sóisialta an chéad Straitéis Áitiúil um Chuimsiú Sóisialta is i gcoinne Bochtanais do Chontae an Chabháin. Bhí ceithre chruinniú i rith na bliana ag an nGrúpa um Bheartas Cuimsiú Sóisialta atá freagrach as an straitéis a chur i gcrích.

Chomhordaigh an tAonad an tSeachtain Cuimsiú Sóisialta do Chontae an Chabháin. Tharla 45 ócáid i gcaitheamh na seachtaine is iad eagraithe ag áisínteachtaí agus ag grúpaí éagsúla idir phobail/deonacha. Bhí sé mar aidhm trí na hocáidí aird a dhiriú ar cheisteanna a bhaineann le cuimsiú sóisialta maraon le gníomhaíochtaí a léiriú a fheabhsaíonn caighdeán beatha an duine.

Tharla na tionscnaimh seo a leanas i 2011:

- Oiliúint frith-chiníochais agus frith-sheicteachais
- Ceardlann Aoiseolais, seimineár eolais LGBT (leisbpach, aerach, déghnéasach agus trasinscne) maraon le taispeántas a bhain le cearta dóibh siúd
- Ceardlann ar chultúr an Lucht Siúil
- Chabhraigh an SIU le Measúnú Tionchar Bochtanais a ullmhú mar chuid den phlean Síochán III (Céim 2). Seo an chéad uair gur tharla Measúnú Tionchar Bochtanais mar chuid de Phlean Síocháin III in Éirinn
- Forbraíodh 'Úirlísí Éagsúlachta' trí mhaoiniú Síocháin III agus seoladh an pacáiste mí an Mheithim 2011 ag ócáid de chuid Gréasán Ilchultúrtha an Chabháin.

Gníomh suntasach i 2011 ab ea naisc le Gréasán 050 an Chabháin, a bhain le hiniúchadh maidir le cursaí seanóirí ó dhá shráidbhaile áitiúla. Réamhobair ab ea an saothar úd, chomh maithe le taighde a bhí déanta ag an nGréasán, i dtreo Cónaidhm Tacaoise an Chabháin a bhunú. Tá sé mar aidhm ag an ngrúpa nua idiráisínteachta seo ar ardchaighdeán An Cabhán a fhorbairt mar chontae a thacaíonn le seanaois amach anseo.

**Comhairle na nÓg**

Fóram is ea Comhairle na nÓg a ligeann do leanaí agus do dhaoine óga ceisteanna a bhaineann leo a phlé idir áitiúla agus náisiunta. Déantar ionadaithe a thoghadh ó na ceantair áitiúla don ócaid bhliantúil Dáil na nÓg agus anois sa Chabhán tá 35 ionadaí a thoghadh i measc daltaí i ndeich gcinde mheánscoileanna.

Ar na tionscnaimh a d'eagraigh Comhairle na nÓg i 2011 bhí:

**Comhairliúcháin Náisiúnta:** Bhí baill páirteach i dtrí chinn de straitéisí náisiúnta i rith na bliana:

- An Roinn Oideachais (Athleasú an Teastais Shóisearaigh)
- An Roinn Dlí agus Cirt (Páipéar Bán um Choiriúlacht)
- An Roinn Leanaí (Straitéis Náisiúnta Leanaí)

- **Fleadh Cheoil 2011:** D'eagraigh na baill mórán tionscnamh óige agus ócáidí (dioscó traidisiúnta, múrmhaisithe, oíche ghrinn agus céile na n-óg). Reachtáil siad an-chuid imeachtaí a bhain leis an nGaeilge (ranganna, ceol rap, ceol-lab, seónna puipéad, tóir an óir agus damhsaí)
- **Dáil na nÓg:** Bhí ball amháin ó Choláiste Achadh an Iúir mar ionadaí don Chabhán ag 18 seisún de Chomhairle Dáil na n-Óg i mBaile Átha Cliath i rith 2011. Bhí cúigear ar son an Chabháin páirteach i bParlaimint Náisiúnta na nÓg
- **Seachtain Náisiúnta Caitheamh Aimsire:** D'eagraigh na baill ócáid uirbeach spóirt dar teideal **'SK8!'** a spreag daoine óga le páirt a glacadh i gcluichí beagáinin as an gnáth mar scátáil boird, bmx agus scátaí rothacha
- **Ollchruinniú Bliantúil (AGM):** Ghlac breis is 70 duine óg páirt i gceardlanna um mheabharshláinte ag an AGM
- **Maoiniú:** Bhí fochoiste maoinithe ag na baill agus chuir siad isteach ar mhaoiniú Comhairle de chuid An Roinn Leanaí don dá bhliain 2012 agus 2013. D'éirigh leo 40,000m a fháil don 'bhFéile Caidreamh Óige' atá molta acu.



Anso thuas tá baill Comhairle na nÓg an Chabháin a d'eagraigh ócáidí óige le linn Fleadh Cheoil na hÉireann 2011

**Fóram Pobail agus Deonach**

Tacaíonn an Roinn Pobail agus Deonach le saothar Fóraim Phobail agus Deonaigh an Chabháin a fheidhmíonn mar ionadaíocht ar son na hearnála pobail agus deonaigh sa chontae. Tá 25 bhall acu a thagann le céile gach re mí.

Ar na gaisci a tharla i 2011 bhí:

- Tionscnamh Raidió Pobail an Chabháin (97.4fm/cavancommunityradio.org),
- Iniúchadh ar ghrúpaí ban sa Chabhán
- Aonach an Earraigh sa Chabhán Thoir mí Aibreáin
- Seó Bóthair don Phobal ag Taispeántas Achadh an Iúir mí Iúil
- Seó Táirgí an Chontae mí Mheán Fómhair
- Clár oiliúna ocht seachtaine faoi inmarthanacht sa Chabhán
- Foilsíodh sé nuachtlitir fóram pobail
- Foilsíodh 12 e-ráiteas um mhalartú pobail agus fuinnimh.

Toghann an Fóram ionadaithe pobail ar Choistí um Bheartas Straitéiseach na Comhairle Contae, ar an mBord Forbartha Contae, Páirtíocht Síochtáin an Chabháin, Meitheal Drugaí an Oirthuaiscirt, Breffni Integrated Teo, Iompar Ceantar Tuaithe an Chabháin, an Meitheal Cuimsiú Sóisialta agus ar Chomhar Spórt an Chabháin.



Aonach an Earraigh An Cabhán Thoir, Aibreán 2011

**Scéim Deontas Pobal agus Deonacha**

Bíonn an Roinn Pobail agus Fiontair ag tacú le grúpaí pobail agus deonacha chun athruithe maraon le cuimsiú sóisialta a éascú laistigh dá bpobal féin trín Scéim Deontas Pobal. Ar an iomlán bronnadh m44,750 ar 89 gcinn de ghrúpaí i 2011. Bhí deis acu siúd mórán tionscnamh a chur i gcrích mar chothabháil foirgneamh pobail, trealamh a cheannach do ghrúpaí pobail, feabhsúcháin ar eastáit tithíochta is ar gháirdíní pobail, feachtais Bailte Slachtmhara, tacaíocht d’fhéiltí 7rl.

**Scéim Gradam an Chathaoirligh 2011**

Tharla Scéim Gradam Cathaoirleach na Comhairle Contae san Óstán Cavan Crystal mí an Mheithimh 2011 agus an-oíche a bhí ann do ghrúpaí pobail an chontae. Trín scéim úd ceiliúrtar iad siúd sa chontae a chuir le leas an phobail trí shaorálaíocht ina measc is trí obair dheonach. Aithníonn Comhairle Contae an Chabháin sna gradaim úd an creidiúint atá tuillte acu agus an tábhacht a bhaineann lena bhfís a cur i gcrích.

Bronnadh an príomhghradam agus seic m1,000 ar Choiste Bhéal Tairbirt Féile na hÉirne. Ainmníodh 18 ngrúpa ar fud an chontae i gceithre chatagóir agus ag seo buaiteoirí na gcatagóirí:

- Pat Clarke, Cillín Chéir, An Óige
- Finian McNamara, An Cabhán, Cuimsiú Sóisialta
- Brian McKeown, An Cabhán, Spórt
- Coiste Bhéal Tairbirt Féile na hÉirne, Cúrsaí Pobail

**Comortas Uile-Éireann Mórtas Ceantair**

Sa Chomórtas Mórtas Ceantair aithnítear an leas don sochaí a thagann as páirtíochtaí i measc an phobail. Díritear ar dhaoine ag cur le chéile chun sult a bhaint as a bhfuil de mhaitheas thart timpeall orthu. Aithnítear an méid a bhíonn ar bun ag poabil áitiúla maidir le hathbhunú idir thuaithe agus uirbeach, cairdeas sóisialta, pleanáil, cur chun cinn na hoidhreachta agus feasacht chomhshaoil.

Chuir Comhairle Contae an Chabháin cúig chinn de ghrupaí pobail ar aghaidh do chomórtas 2011 agus fógraiodh na buaiteoirí ag Searmanas Mór i Loch Garman mí na Samhna.

Fuair Páirtíocht Phobail Droim Leathan an chéad áit sa chatagóir bailte idir 500 agus 1,000 daonra agus fuair Coiste Bailte Slachtmhara Choill an Chollaigh an duais tánaisteach sa chatagóir os cionn 2,000. Ba iad Cumann Aitritheoirí Glenview ó Bhaile Shéamais Dhuibh, Cumann Turasóireachta is Forbartha An Mullach agus Comhairle Pobail Chill Laighneach na dreamanna a bhí páirteach agus bhíothas thar a bheith bródúil astu siúd go léir.




**Buaiteoirí Mórtas Ceantair 2011: Páirtíocht an Phobail Droim Leathan**
Ó chlé: Sean McKiernan, Cathaoirleach Comhairle Contae an Chabháin, Tom Dowling, Bainisteoir Contae na Mí, Anna Fitzpatrick, Páirtíocht Phobail Droim Leathan, An tAire Phil Hogan, T.D., Mary Lawlor agus Bernard Burns, Páirtíocht Phobail Droim Leathan Ger Finn, Comhairle Contae an Chabháin

## Coiste Polasaí Straitéiseach

Is iad seo a leanas baill an Choiste Polasaí Straitéiseach:

Comh Paddy O'Reilly, Cathaoirleach, Comhairle Contae an Chabháin
Comh Peggy Gray, Comhairle Baile Bhéal Tairbirt
Comh Sean McKiernan, Comhairle Contae an Chabháin
Comh Niamh Smyth, Comhairle Contae an Chabháin
Comh Val Smith, Comhairle Contae an Chabháin
Jerry Fitzpatrick, Fóram Pobail agus Deonach Steven Shannon, Fóram Pobail agus Deonach
Peter Crosby, Comhdháil na gCeardchumann Agnieszka Adamska, An Cumann Polannach

## Tascairí Seirbhíse

| | 2010 | 2011 |
|---|---|---|
| Céatadán scoileanna agus grúpaí óige páirteach i scéim Comhairle Óige/Comhairle na nÓg | 43.82% | 65.51% |
| Líon grúpaí cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach | 415 | 452 |
| Líon clós súgartha de chuid an Údaráis Áitiúla | 1 | 0 |
| Líon clós súgartha éascaithe ag an Údarás Áitiúil | 0 | 0 |

## Comhairle Baile An Chabháin




**Méara an Bhaile:** Paddy O'Reilly
**Baill Tofa:** Des Cullen (Lucht Oibre), Brian McKeown (Sinn Féin), Jacqui Lewis (Fine Gael) Terry Argue (Fine Gael) Andrew Boylan (Fine Gael) Paddy Conaty (Fianna Fáil) Patricia Walsh (Fianna Fáil) agus Paddy Sexton* (Fianna Fáil) * D'imigh ar scor Samhain 2011.
**Bainisteoir Baile:** Ger Finn
**Cléireach Baile:** Brian Hora
**Innealtóir Baile:** Alan Lyons

Tá Comhairle Baile an Chabháin freagrach as Baile an Chabhaháin a fhorbairt agus a chur chun cinn; as an mbonneagar agus comhshaol idir shóisialta agus cultúrtha a chosaint agus a fhorbairt. Maraon le mórán údarás áitiúla eile, bhí ar Chomhairle Contae an Chabháin cur suas le laghdú ar mhaoiniú rialtais is ar fhoinsí eile ioncaim. É sin ráite áfach, mar sin féin bliain rathúil a bhí againn i 2011.

### Tithíocht agus Foirgníocht

Faoi Chlár Tithíochta na Conhairle Baile cuireadh cóiríocht ar fáil do 35 theaghlach le linn 2011. Cé go raibh laghdú suntasach ar Dháileadh Caipitiúil Tithíochta na Comhairle, cuireadh 6 aonad nua ar fáil i 2011. Tá 530 áitreabh ar cíos anois ag an gComhairle mar stoc iomlán tithíochta. Rinneadh Oibreacha um Fheidhmiú Fuinnimh ar scéimeanna tithíochta Radharc na hEaglaise agus Carraig Bheag.

### Gradaim Eastát

Bhí 56 eastát páirteach i 2011 sa Scéim Gradam agus Deontas um Fheabhsúchán Eastát, níos mó ná riamh. Bronnadh gradaim agus deontais €25,000 i rith na bliana chun tacú le pobail áitiúla is chun iad a spreagadh san obair seo.

**Bóithre agus Iompar**

Faoin gClár Feabhsúchán Bóithre cuireadh i gcrích an méid seo le linn 2011.

- Dromchla agus cosáin nua ar Shráid Halla an Bhaile
- Dromchla nua ar Bhóthar Cholmáin
- Cosáin nua ar Ascaill Eoin Pól.

**Pleanáil agus Forbairt**

I 2011 rinne Comhairle Baile an Chabháin próiseas ar 18 gcinn d'iarratais phleanála. Don tarna huair as a chéile d'fháiltigh an Chomhairle Baile roimh Fhleadh Cheoil na hÉireann. Cuid riachtanach de shaol an Bhaile idir fhorbairt eacnamaíoch agus cultúrtha is ea Fleadh Cheoil na hÉireann.

**Cosaint Chomhshaoil**

Choimeád Comhairle Contae an Chabháin an Stádas mar Bhaile Saor ó Bhruscar i 2011 sa Léig a eagraíonn Lucht Gnó in aghaidh an Bhruscair. Fuarthas an ceathrú háit sa "Gradam Gaisce Leanúnach" as a bheith Saor ó Bhruscar le breis is cúig bliana.

**Caitheamh Aimsire agus Conláistí**

Don séú bliain as a chéile chuir Baile an Chabháin feabhas ar na marcanna sa Chomórtas Bailte Slachtmhara agus Gradam an Chontae acu don cheathrú bliain as a cheile.

Leanadh leis an gclár feabhsúchán ar an mBaile agus cruthaíodh scéim bláthanna i bpáirt leis an bpobal gnó. Rinneadh urraíocht freisin ar ócáidí áirithe mar a leanas:

- Fleadh Cheoil na hÉireann
- Féile Drámaíochta An Chabháin
- Féile Samhraidh An Chabháin
- Mórshiúl na Féile Pádraig

Ar bhuaicphointí eile i 2011 bhí:

- Sraith speisialta léachtaí coimisiúnaithe mar chomóradh cothrom 401 bhliain ó síníodh Cairt an Bhaile
- Feachtas Páirceála Lae Nollag
- Páirteach don tríú huair i "Foire aux Vins" bliantúil sa bhaile nasctha Jaunay Clan.
- Cúnamh do chlub sacair Seamróga An Chabháin is iad i gcomórtas idirnáisiúnta Faoi bhun 15 i Jaunay Clan.
- D'eagraigh na heastáit a bhí sa Ghradam Feabhsúchán Eastát taispeántas le linn Seachtain Cumsiú Sóisialta mí Dheireadh Fómhair

- Gradam do Gháirdín Faiche an Aonaigh ó Chumainn Lucht Tráchtála d'Údaráis Aitiúla den Scoth

Tosaíodh ar na tionscnaimh seo a leanas i 2011

a) Scéim Athfhorbartha agus Tírdhreach do Chnoc Faiche an Aonaigh faoin gCiste Pobal Inmharthana

b) Uasghrádú ar na Faichí Sacair i dTulach Mhongáin maraon le seomraí nua gléasta faoin gCiste Pobal Inmharthana agus dromchla nua fóinteach don uile aimsir is tuilshoilsiú faoin gClár Caipitiúil Spóirt

c) Feabhas ar áiseanna Rothaíochta agus bothanna rothar in áiteanna éagsúla ar fud Bhaile an Chabháin.

## Bonneagar, Gnóthaí Cultúrtha agus Tithíocht

**Bonneagar**

Tá an Roinn Bóithre sa Chomhairle Contae freagrach as na bóthre sa chontae a chothabháil idir Phríomhbhealaí, Bealaí Tánaisteacha, Réigiúnacha agus Áitiúla. Tugann an tÚdarás um Bhóithre Náisiúnta (NRA) maoiniú i leith Bóithre Náisiúnta. Maoiníonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTS) an gréasán Réigiúnach agus Áitiúil. Tacaíonn an NRA leo sa réimse úd ar bhonn teicniúil agus riaracháin. Tagann cuid mhaith den dháileadh don Ghréasán Réigiúnach agus Áitiúil ó Chomhairle Contae an Chabháin.

| Catagóir | Fad (cm) | Cothabháil 2011 (m) | Cothabháil 2010 (m) | Cothabháil 2009 (m) |
|---|---|---|---|---|
| Príomhbhealaí | 67 | 465,211 | 481,000 | 492,486 |
| Bealaí Tánaisteacha | 62 | 229,454 | 269,700 | 333,828 |
| Réigiúnacha | 399 | 1,211,499* | 1,141,166* | 1,790,001* |
| Áitiúla | 2470 | 2,511,031* | 2,445,834* | 1,911,999* |
| IOMLÁN | 2998 | | | |

* San áireamh sna figiúirí thuas tá m1.9m a caitheadh ar dhromchlaí a chóiriú.

Chaith Comhairle Contae an Chabháin m1.77m as a stuaim féin go speisialta ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Go príomha bhain an chothabháil le draenáil agus athchóiriú dromchlaí. Ar an iomlán bíonn Comhairle Contae an Chabháin freagrach as beagnach 3,000cm (1,880 míle) de bhóithre poiblí in aghaidh na bliana.

**Cothabháil Gheimhridh**

Lean geimhridh tús agus deireadh na bliana 2011 an patrún céanna a bhí againn an bhliain roimhe sin 2010. Fuarthas m430,000 ón NRA do Bhóithre Náisiúnta agus m361,639 ón DTSS don Ghréasán Réigiúnach agus Áitiúil. Cuirtear salann ar thart ar 600cm dem ghréasán Bóithre 3,000cm agus bíonn tús áite ag Bóithre Náisiúnta agus Réigiúnacha. Bhronn an NRA maoiniú m220,000 chun Scioból Salainn a thógáil sa Chabhán.



Scioból Salainn, Muine Ealla, An Cabhán

**Dualgais Rialachais a chur i bhFeidhm**

Tá fodhlíthe páirceála i bhfeidhm i gCoill an Chollaigh, Béal Átha Conaill, Béal Tairbirt, Muinchille agus in Achadh an Iúir. Bíonn teora ama i gceist i lár na mbailte chun tráchtáil a éascú ach amháin i mBéal Átha Conaill.

Leagadh síos Luasteorainneacha Sealadacha in áiteanna éagsúla chun an clár oibreacha bóithre a éascú is chun sábháilteacht a chinntiú.


**Clár Oibreacha Bliantúil**

Bhí buiséad breis is m40 milliún ann do chothabháil agus feabhsú bóithre. Is ón Rialtas Lárnach trí áisínteachtaí éagsúla a thagann an maoiniú don chuid is mó. Is iad seo a leanas na príomháisínteachtaí:

- An tÚdarás um Bhóithre Náisiúnta a mhaoiníonn bóithre náisiúnta go léir
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt do na Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla is Scéimeanna Feabhsúchán Aitiúla ach le cúnamh teicniúil agus riaracháin ón NRA
- Thug Ciste Forbartha Réigiúnach na hEorpa maoiniú m1,400,000 don Bhóthar Rochtan i mBaile an Chabháin Thoir
- D'éirigh le Comhairle Contae an Chabháin maidir le trí chinn d'iarratais ar Thaisteal Cliste. Ar na trí thionscnamh bhí 16 bhoth rothar i 10 mbaile sa Chabhán, 2.6cm lánaí rothar ar an R212 Bhóthar Bhaile Atha Cliath isteach go Baile an Chabháin, 1.1cm casán ar an R935 Bóthar Bhéal Átha na nEach agus áiseanna do choisithe i gCoill an Chollaigh, Muinchille agus Dún an Rí. Ar an iomlán fuarthas maoiniú m558,824.95 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

**Ranníocaíochtaí Aitiúla**

Chaith Comhairle Contae an Chabháin m2.48 milliún as a stuaim féin chun Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a chothabháil is a fheabhsú, rud a leagann béim ar thiomantas na Comhairle do chúram an ghréasán bóithre sa chontae.




Tháinig 7% den Mhaoiniú Bóithre Poiblí go díreach ó Acmhainní na Comhairle Contae.

**Bóithre Náisiúnta**

- **Príomhbhealaí**

Is iad an N3 Baile Átha Cliath/Inis Ceithleann agus an N16 Sligeach/Inis Ceithleann atá sa ghréasán Príomhbhealaí.

Bronnadh an Conradh Dearadh agus Tógáil don N3 Droichead an Bhuitléaraigh go Béal Tairbirt ar an gComhfhiontar Ferrovial Ireland Ltd agus PT McWilliams mí Aibreán 2011. San áireamh beidh an dearadh a fhorbairt agus an tógáil a chur i gcrích. Tosnaíodh ar an dtionscnamh mí Bealtaine le súil é a chríochnú samhradh na bliana 2013. Beidh an bóthar úd 7.15cm ar fhad is é mar cheangal idir Seachród an Chabháin agus Staghall ag Timpeallán An tEanach. Mar chuid de beidh Droichead "Extrados" ar an Éirneagus droichead 200m thar phortaigh Aghnaguig atá thar a bheith leochaileach ó thaobh comhshaoil de.



Scéim Feabhsúcháin Droichead an Bhuitléaraigh go Béal Tairbirt, sa réamhionad feictear an ceangal thuaidh ag Timpeallán Stag Hall agus an Droichead Éirne nua (á thógáil faoi láthair) i bhfad uait.

Maoiníodh dhá scéim cosán ar an N3 i 2011. Tá an scéim Knockanoark Drummanbane 5.65cm ar fhad agus Achadh an Iúir go Machaire 3.45cm, beidh ceansu tráchta ann do shráidbhaile Mhachaire. Chosnaigh an dá thionscnamh úd m2,318,419.75 ar an iomlán.

Tharla staidéar bac agus rogha cúrsa ar Sheachród N3 Edenburt go dtí An Chabhán ar chostas m81,000.

- **Bóithre Tánaisteacha**

Is iad an N54 An Cabhán/Muineachán, an N55 An Cabhán/Áth Luain agus an N87 ó Thimpeallán Stag Hall, Béal Tairbirt go dtí an Teorainn ag An Muileann Iarainn atá sa ghréasán bóithre tánaisteacha.

Bronnadh an Conradh Tógála don N87 Bóthar Faoisimh Béal Átha Chonaill ar Gibson Bros. (Ireland) Ltd. mí Bealtaine. Beidh sé seo 1.1cm ar fhad mar nasc idir an N87 ó dheas ó Bhéal Átha Chonaill leis an R207 Bóthar Derrylin agus beidh droichead ar Chanáil Áth na Coille. Tosaíodh ar an dtionscnamh mí an Mheithimh le súil é a chríochnú i dtreo deireadh an tsamhraidh 2012.

Críochnaíodh Céim 1 Athailíniú an N87 Béal Tairbirt go Baile Átha Chonaill agus é oscailte mí Lúnasa 2011. Tá sé seo 1cm ar fhad agus ba iad Gibson Bros. (Ireland) Ltd. a thóg ar chostas m1,063,282.



Bíoma droichid 39 méadar ar fhad ag dul trí Bhéal Tairbirt

Chuaigh an Scéim Athailínithe N55 Corr Dubh go Béal Átha Trost trí Dhearadh agus Ceannach Éigeantach go tairiscint agus ba cheart go dtosnófaí ar an obair go luath i 2012.

Tharla dearadh agus ullmhú do Scéim Athailínithe an N55 Dundavan Mullach Ódhráin agus beidh an tairiscint go luath i 2012 le suil é a thosú i dara ráithe na bliana.

Tharla dearadh agus pleanáil ar an Scéim N55 Corr Dubh go Killydoon le linn 2011 agus ceapadh Innealtóirí RPS Consulting. Beidh sé seo 6cm ar fhad agus feabhsúcháin ar an N55 ag Garrymore san áireamh.

Críochnaíodh dhá thionscnamh cosán ar an ngréasán tánaisteach ar chostas iomlán m549,724.87. Ba iadsan an N55 ó Lacken go Corr Dubh 1.75cm ar fhad agus an N87 ag Mullinacre Íochtar atá thiar ó Bhéal Átha Chonaill 1.85cm ar fhad.

**Bóithre Réigúnacha agus Áitiúla**

Tá athnuachan nach beag déanta ar an ngréasan faoin gclár athnuachana deich mbliana. De ghnáth is sraith mhacadam agus uachtar anuas uirthi a bhíonn i gceist. Tugadh tús áite don mharcáil agus don líniú bóthair.

Dáileadh m14,533,000 do Bhealaí Réigiúnacha agus Áitiúla agus méadú m2,000,000 i rith na bliana san áireamh. Dá bharr san d'éirigh leis an Roinn Bóithre i gComhairle Contae an Chabháin an-chuid feabhsúchán agus athchóirithe a chur i gcrích.

- **Dáileadh m3,723,000 d'Oibreacha Cothabhála.** Caitheadh m1,939,000 ar an iomlán ar dhromchlaí a chóiriú, rud atá fíorthábhachtach ar ndóigh.

- **Dáileadh m6,665,000 d'Oibreacha Feabhsúcháin.** Rinneadh an-chuid díobhála do bhóithre de dheasca na drochaimsire deireadh na bliana 2010. Úsáideadh an Deontas Feabhsúcháin agus Athbhunaithe do thosaíochtaí chun an gréasán a choimeád go réasúnta maith.

- **Dáileadh m1,100,000 mar Dheontais d'Fheabhsúcháin Áirithe**
  Is do thionscnaimh atá tábhachtach ó thaobh eacnamaíochta agus fostaíochta de atá na deontais úd. Bhí cúig scéim i gceist mar a bhí an R198 Ármhach/Cartwrights Rock; R199 An Dúgharraí go Crosaire Whitefield; R199 Cill na Seanrátha go Crosaire; R199 Cill na Seanrátha go Teorainn Liatroma agus L2015 Droichead Drumshiel.

- **Dáileadh m1,977,600 ar 2 scéim Straitéiseach do Bhóithre nach Bóithre Naisiúnta iad.** (scéimeanna iad seo a éascaíonn An Straitéis Spásúil Náisiúnta).

- Fuarthas m600,000 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt don chéim deartha faoin Scéim Feabhsúcháin ar an Slí Straitéiseach An Cabhán go Dun Dealgan. Ceapadh Roughan & O'Donovan Aecom Alliance mar innealtóirí comhairlitheach don scéim. Meastar go gcríochnófar an réamhscéim deartha don scéim seo 75cm faoi dheireadh na bliana 2012.

Bronnadh an Conradh Tógála don Bhealach Anoir Isteach go Baile an Chabháin ar P & S Oibrithe Sibhialta mí na Márta. Beidh sé seo 1.2cm mar cheangal idir an R212 Bóthar Bhaile Átha Cliath ag Advance/Aldi agus an Carrchlós ar an bPríomhshráid agus Cock Hill. Tosaíodh mí Aibreáin le súil leis an dtionscnamh a chríochnú i 2012. Dháil an RITS m1,377,000 chuige agus fuarthas dáileadh eile 1.4 milliún ó Chiste Forbartha Réigiúnach na hEorpa (ERDF).

Bunaíodh Clár Oibreacha Bóithre 2011 ar an gClár Oibreacha Bóithre Ilbhliantúil 2011-2013 ar ghlac an Chomhairle leis mí Meán Fómhair 2010.

**Sábháilteacht ar na Bóithre**
Díritear go speisialta ar shábháilteacht do lucht úsáidte bóithre agus do choisithe. Aithnítear áiteanna an-bhaolacha agus leagtar síos Scéimeanna Sabháilteachta ar Chostas Íseal.

Tá sé i gceist ag Comhairle Contae an Chabháin an líon timpistí a laghdú trí oideachas, bearta forfheidhmithe agus innealtóireachta de réir Straitéis atá ag an Údarás um Shábháilteachtar na Bóithre.

1. Oideachas Cuireann an tOifigeach um Shabháilteacht ar Bhóithre an tSábháilteacht chun cinn i measc an phobail agus neartaíonn an fheasacht uirthi sna scoileanna. Bhronn an Chomhairle m30,000 dá cuid maoiniú féin don oideachas um shabháilteacht ar bhóithre.

2. Forfheidhmiú
   Clár um Sheachaint Timpistí: bíonn Innealtóirí agus Gardaí ag obair as lámh a chéile. Is iad na Maoir Tráchta a chuireann na Fodhlíthe Tráchta i bhfeidhm.

3. Innealtóireacht Is í an Fhoireann Innealtóirí Bóithre a dhearann Scéimeanna Sabháilteachta ar Chostas Íseal agus Beartais Cheansú Tráchta

- Ar an iomlán dáileadh m213,500 do Scéimeanna Sabháilteachta ar Chostas Íseal mar a leanas: Ballymagovern; Bóthar Bhaile Átha Cliath, Dún an Rí, Muff; Scoil N. Mhichíl, Bóthar an Staisiúin, Muinchille; Bóthar Achadh an Iúir, Baile Shéamais Dhuibh; Crosaire Corradooa go Lisnabantry agus Droichead Assan.

- Rinneadh oibreacha ar an N3 faoi n Scéim do Phríomhbhealaí Náisiúnta ar Chostas Íseal ar chostas iomlán m1,027,647.

- Rinneadh oibreacha ar an N54, N55 agus N87 faoin scéim do Bhealaí Tánaisteacha ar Chostas Íseal ar chostas iomlán m2,261,958.

- Leagadh síos Luasteorannacha Sealadacha ar son Sabháilteachta le linn na hoibreacha a bhí i gceist faoin gClár Bóithre.

**Páirtíocht leis an bPobal**

Bíonn an Roinn Bóithre agus Iompair sa Chomhairle Contae de shíor ag dul i gcomhairle leis an bpobal maidir le feabhsúcháin ar bhóithre nach bóithre náisiúnta iad (Bealaí Áitiúla agus Reigiúnacha) agus ar lánaí príobháideacha.

**Scéimeanna Pobail Comhfhiontair**

Níor tharla aon scéim nua le linn 2011 ach cuireadh dromchlaí ar an dá scéim a críochnaíodh i 2010.

**Scéimeanna Feabhsúchán Áitiúla**

Dáileadh m303,000 d'Oibreacha Feabhsúcháin Aitiúla i 2011. Toisc nach raibh gá le cothabháil dromchlaí i 2011 úsáideadh an deontas maraon le ranníocaíochtaí m36,667 chun 27 scéim nua a chur i gcrích. Ar an meán caitheadh m12,469 in aghaidh na scéime do 73 beinifísigh.

**Táscairí Seirbhíse**

Caithfear an leas is fearr a bhaint as acmhainní sa Roinn Bóithre agus Iompair. Is feidir an scéal a mheas go hoibiachtuil trí na Táscairí Seirbhíse. Is iad seo a leanas na Táscairí Seirbhíse do Bhealaí Réigiúnacha agus Áitiúla:

| **Tréimhse 2011: 01 Eanáir go 31 Nollaig 2011** | |
|---|---|
| Fad ciliméadar bóithre idir áitiúil agus réigiúnach a feabhsaíodh agus a cothaíodh faoin gClár um Athchóiriú Bóithre per annum | |
| | Cm |
| Bóithre Áitiúla | 224.15 |
| Bóithre Réigiúnacha | 29.94 |
| Iomlán | 254.09 |
| Fad ciliméadar bóithre idir áitiúil agus réigiúnach a tógadh faoin Scéim Deontas um Fheabhsúchain ar leith per annum | |
| | Cm |
| Bóithre Áitiúla | 0 |
| Bóithre Réigiúnacha | 2.70 |
| Iomlán | 2.70 |

**Coiste Polasaí Straitéiseach 2011 um Bhóithre - Baill**

Comhairleoir Peter McVitty, Cathaoirleach, Comhairle Contae An Chabháin Comhairleoir Sean Smith, Comhairle Contae An Chabháin Comhairleoir Paddy Smith Comhairle Contae An Chabháin Comhairleoir Paddy McDonald Comhairle Contae An Chabháin Comhairleoir John O'Hare, Comhairle Contae An Chabháin Comhairleoir Paddy Reilly, Comhairle Baile An Chabháin

Kathleen Duffy Uas., Pobal agus Deonach

An tUas. Michael McCarey, Lucht Gnó

An tUas. Francis Smith, Cónaidhm Tionscal Foirgníochta

**Ábhair Phléite:**

- Comharthaíocht Bhóthair
- Soilsiú Poiblí
- Fodhlíthe Páirceála
- Luasteorannacha
- Bonneagar Turasóireachta
- Gearradh Fál Sceach
- Scéimeanna Pobail: Scéimenna Comhfhiontair agus Feabhsúchán Aitiúla

## Gnóthaí Cultúrtha

**Seirbhísí Leabharlanna**

**Agus 5,344 chuairteoir in aghaidh na seachtaine sna leabharlanna le linn 2011** is léir gur seomra teaghlaigh don phobal agus mol foghlama atá sna leabharlainne. D'oibrigh an fhoireann go dian dícheallach i mbliana faoi ghanntanas acmhainní is sholáthraigh seirbhísí den scoth. Tá a leithéid ríthábhachtach do leas an chontae idir shóisialta, cultúrtha is eacnamaíoch agus chun tosaíochtaí straitéiseacha na Comhairle a chur i gcrích.

I measc dúshlán na bliana 2011 bhí uasdhátú ar an mbonneagar Teicneolaíocht an Eolais. Seoladh an suíomh leabharlainne mí Dheireadh Fómhair, é éasca le leanúint, an dearadh fíorthaitneamhach agus saibhreas ábhair ar fáil ann. Tá i bhfad níos mó ar www.cavanlibrary.ie ná suíomh simplí agus nasc le meán sóisialta. Tá teacht anois go forleathan ar ár gcuid acmhainní, bealach isteach ag lucht féachana an-leathan chuig réimse seirbhísí ar line agus fáil ar sheirbhísí leabharlainne a bhíonn oscailte i gcónaí.

- Tá an **catalóg** ar fail ar líne
- Is féidir do chuid gnó a riaradh ar líne trí **"Mo Chuntas"**
- Fóram idirghníomhach do léitheoirí is ea an **blog "Great Reads" blog**
- Is féidir teacht ar Acmhainní Staidéar Áitiúla maraon le hábhar digiteach trí **thaithí fhíorúil ar staidéar áitiúil**
- Bíonn an **Clár Imeachtaí** le feiscint ar líne
- Tig leat teacht orainn anois ar **Facebook** is ar **Twitter.**

Ar an oíche Chulturtha Culture, 23 Meán Fómhair 2011 Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin, sseoladh an Tionscadal Léitheoireachta Scríbhneoir Amháin sa Chabhán. Is léir uaidh sinn go bhfuil rún againn dul i bpáirt le háisínteachtaí eile poiblí maidir lenár n-acmhainní airgeadais agus daonna a roinnt ar bhonn éifeachtach i dtreo spriocanna comónta a bhaint amach. Spreagtar gach aon aois agus litearthacht an taithí a fháil le linn bliain amháin acadúla. Dírítear ar na glúnta a chur ag obair le chéile agus orthu siúd a bhíonn faoi mhíbhuntáiste.



Comhairleoir Sean McKiernan nuair a seoladh Scríbhneoir Amháin sa Chabhán, Oíche Chultúrtha 2011

**Nithe tábhachtacha a tharla le linn 2011 ab ea:**

- Pacáistí Acmhainní a d'eagair is a dhearaigh Foireann na Leabharlainne
- Oíche Sheolta don Oíche Chultúrtha ag a raibh breis is 200 i láthair
- Sraith Léachtaí: Labhair Brian Keenan, Dermot Bolger agus Dr Eamonn Kelly.
- Comórtais: Logo agus Scríbhneoireacht Chruthaitheach

I 2011, bhí rún ag Comhairle Contae an Chaháin an bonneagar l eabharlainne a fheabhsú cé go raibh deacrachtaí maoinithe ag an Údarás Áitiúil. I bpáirt leis an gCumann Forbartha Pobail fuair an Chomhairle dáileadh os cionn m320,000 ón gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn chun Halla an Bhaile i mBéal Tairbirt a fheabhsú is a leathnú. Moltar anois don Leabharlann lonnú ar urlár na talún is go mbeidh an chéad urlár mar áis Phobail agus Acmhainní. Le linn 2011 bhí obair shuntasach ar bun ag foireann na leabharlainne lena chinntiú go gcloífidh na pleananna ailtireachta le sainchuntair na leabharlainne is go mbeidh spás an-oiriúnach leabharlainne ann ar deireadh.

Tharla dul chun cinn ar leabharlann taistil a bhunú don chontae i 2011. Rinneadh taighde ar dhearadh feithclí, sainchuntar meicniuil, ar theicneolaíocht an eolais is ar straitéisí leabharlann taistil. Fuarthas maoiniú chun stoc a cheannach.



Ag baint sult as Ceardlann Cnaguirlisí i Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin mí Iúil.

I gcroílár 2011 bhí Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin mar a dtáinig breis is 10,000 cuairteoir le linn na tréimhse úd. Bhí ardéileamh ar an dTaispeántas Iarnród idir mhuintir na háite is turasóiri araon. Dhíríomar go háirithe ar athbheochan na Gaeilge is sinn ag obiar le Glór Bhréifne is lucht na Gaeilge chun réimsí imeachtaí a bhunú. Bhí dlúthbhaint ag Foireann na Leabharlainne le "Mórtas an Chabháin" a bhunaigh sárchlár imeachtaí. Bhíodh ceoltóirí go fluirseach ar an seastán ag doras na leabharlainne i rith na seachtaine. Sheinneadh Comhaltas ó Chill na Seanrátha agus Béal Tairbirt ag am lóin agus bhíodh seisiúin ag ceoltóirí ar an dtoirt chomh maith le Léamh Lit Lab ó scríbhneoirí an Chabháin agus na Mí. Ina theannta san go léir tús is ceann scríbe na siúlóidí gach lá ab ea an Leabharlann.

Tosaíodh ar straitéis mhargaíochta do Leabharlainne an Chabháin i 2011. Toisc an suíomh a bheith á sheoladh mí Dheireadh Fómhair, beartaíodh ar nuachtlitir mhíosúil is ar liosta leathan seachadtha a chruthú. Dá bharr san seoladh , "The Bookmark" mí Iúil is í ag cur le rath níos mó ná riamh a bheith ar ár gclár imeachtaí bliantúla. Taitníonn "Bookmark" go mór leis na léitheoirí; tá méadú ar an éileamh ar line is ag an gcuntar agus is léir go bhfuil an-mhianach ansiúd don todhchaí.

Bhí rath arís ar pháirtíocht le háisínteachtaí i 2011, a bhuíochad do dhíograis is saothar na foirne. Ar na samplaí dá leithéid bhí Ionad Foghlama Aosach an Chabháin, Cluichí Pobail; Bantracht na Tuaithe, Club na Leon, Gréasán 0-50 An Chabháin, An Coiste Gairmoideachais, Ógtheagmháil, FÁS, Comhairle Náisiúnta na nDall, Aois Dhearfach (Seanóir í) agus Ionad Acmhainní Tulach Mhongáin.



Cuireadh suim iontach ina raibh le rá ag Gerry Stembridge leis an nGrúpa Leitheoirí mí na Samhna.

Ionaid chathartha do chách is ea ár gcuid leabharlanna, mar is léir ón réimse lethan imeachtaí a tharlaíonn i gomhar le grupaí pobail is le haisínteachtaí poiblí. Orthusan i mbliana bhí:

- Mí Márta bunaíodh Grúpa Ceardaíochta Choill an Chollaigh ag a bhfuil 40 ball a thagann le chéile uair sa mhí chun oibriú ar cheardaíocht .

- Leanadh de mhaidneacha Chaifé dóibh siúd atá faoi bhac radhairc i 2011. Is féidir leo siúd a bhíonn cláraithe le Comhairle Náisiunta na nDall leas a bhaint as an leabharlann áitiúil, Teicneolaíocht Cabhraitheach is Maolaithe a úsáid agus bualadh le daoine eile sa chas céanna leo féin chun tuairimí agus taithí a roinnt. Ar na haoichainteoirí i 2011 bhí staraithe agus gardaí pobail.

- Clár oideachais faoi dhiabaetas is ea Athbhreithniú Xpert ag Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte, a bhí ar siúl ar feadh 8 seachtaine i Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin agus 200 ag freastal air.

Tharla mórthonscnamh um éifeachtúlacht oibríochta i 2011 maidir leis an tseirbhís bhunúsach: Ár gCóras Iarratas Leabhar

- Aibreán go Meitheamh: Scrúdaíodh deachleachtas ar bhonn náisiúnta.
- Iúil go Meán Fómhair: Tharla scéim píolótach don chóras nua.
- Deireadh Fómhair: Casadh ar chóras ríomhaireachta in ionad an chórais láimhe.

Tá an tseirbhís úd an-éifeachtach, ní gá fanacht chomh fada san le leabhair iarrtha ag an bpobal a sholáthar, spáráladh thart ar 25% d'am aon bhall amháin foirne dá bharr san.

Fuarthas breis maoinithe le linn 2011 fmar a aleanas:

- Suíomh Leabharlainne a fhorbairt
- Leabharlann Bhéal Tairbirt a fhorbairt
- Stoc don Leabharlann Taistil
- Tionscadal Léitheoireachta Aon Scríbhneoir Amháin sa Chabhán.
- Fleadh 2011
- Ciste na Leabhar

Toisc gur laghdaíodh go mór an dáileadh dár Leabharchiste 2011 bhí an t-ádh linn go bhfuarthas dhá Dheontas Leabhar faoi leith ón roinn. Ar an iomlán fuarthas beagnach m61,950, a dhá oiread is a bhí againn i Leabharchiste 2011, rud a lig dúinn i mbliana stoc ardchaighdeáin a sholáthar. Is léir an tionchar a bhí air seo ón bhfás 10.5% a tharla ar an stoc ar iasacht le linn 2011, an líon eisiúna ba mhó riamh i stair Seirbhís Lebharlainne an Chabháin.

**Buaicphointí i gClár Imeachtaí na Leabharlainne 2011:**

| **Clár Imeachtaí na Leabharlainne** | **2011** |
|---|---|
| Léachtaí | 26 |
| Taispeántais | 16 |
| Ceardlanna | 76 |
| Cuairt ó Údar nó Scéalaí | 34 |
| Taispeántais agus Seoltaí Leabhar | 29 |
| Ceol agus Damhsa | 5 |
| Drámaíocht | 1 |
| Cuairt ar Rang: Naíonra | 33 |
| Cuairt ar Rang: Bunscoil | 355 |
| Cuairt ar Rang: Meánscoil nó Grúpa eile Oideachais | 15 |
| Ócáidí is Cruinnithe ag Grúpaí Pobail | 111 |
| Grúpaí Léitheoireachta | 35 |
| Comhairle Contae an Chabháin(Ranna eile) - Ócáidí | 28 |
| Imeachtaí i gcomhar le hÁisínteachtaí Stáit | 91 |
| Obair For-rochtana | 57 |
| Iomlán | 912 |

| **Tascairí Seirbhíse Indicators** | **2010** | **2011** | **% Athrú** |
|---|---|---|---|
| Ballraíocht | 13,341 | 12,687 | - 4.9% |
| Stoc ar Iasacht | 174,626 | 192,937 | + 10.5% |
| Lion Cuairteoirí | 277,550 | 267,200 | - 3.7% |
| Rochtain Phoibli Idirlín | 34,311.87 | 33,495 | - 2.4% |
| Meánuaireanta Oscailte: Lánaimseartha | 42.37 | 41.86 | -1.2% |
| Meánuiareanta Oscailte: Páirtaimseartha | 9.04 | 9.06 | + 0.2% |
| Buiséad Glactha 2011 | m1,704,422.59 | | |

**Músaem Contae an Chabháin**

Le linn 2011 dhaingnigh Musaem Contae an Chabháin a stádas mar choimeádaí ainmnithe lámhdhéantusán seandálaíochta i measc trí chinn déag in Éirinnn. Mar iontaobhas poiblí atá an bailiúchán déantusán is cartlanna a fhaightear go minic trí fhlaithiúlacht an phobail agus a léiríonn oidhreacht shaibhir éagsúil an Chabháin idir stair, cultur agus ealaíon. Príomhaidhm againn sa mhusaem is ea iad siúd go léir a chaomhnú do phobal an lae inniu is do na glúnta atá le teacht. Caithfidh slándáil agus dálaí stórais a bheith de shíor den chead scoth. Seirbhís luachmhar poiblí is ea an Musaem agus bítear ag comhoibriú leis an Aonad Cuimsiu Sóisialta i gComhairle Contae an Chabháin chun freastal ar riachtanais cách beag beann ar aois, cumas nó mionlach eitneach.

Cé go bhfuil an geilleagar go fíordheacair faoi láthair agus srianta ar chúrsai foirne, leanann an Musaem de chlár cuimsitheach idir taispeántais is gníomhaíochtaí. Ba é buaicphointe na bliana 2011 ná ”An Traidisiún Beo, Comhaltas 1951-2011”, b’shin taispeántas a seoladh le linn Fleadh Cheoil na hÉireann 2011 ag an tUas. Jimmy Deenihan, TD. Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltacht chun 60 bliain Comhaltas Ceoltóirí Éireann a cheiliúradh maraon leis an leathnú ar fud an domhain mhóir a chuir leis an gcultúr anso sa bhaile is i gcéin. Le linn Fleadh Cheoil na hÉireann bhí córas iompair ar bun ag an Musaem do chuairteoiri a bhí ag iarraidh teacht is féachaint ar an dtaispeántas “An Traidisiún Beo”. Tugadh aird ar an dtaispeántas ag leibhéal náisiúnta is idirnáisiúnta agus ón mbliain 2013 ar aghaidh rachfar ar thuras leis chun aird a tharraingt ar Thurasóireacht Chultúrtha na hÉireann.




Taispeántas ag Comhaltas An Traidisiún Beo 1951-2011 á oscailt.

Fáil suntasach sa Mhusaem i 2011 ab ea Bailiúchan Hugh Gough gunnaí láimhe, radhflaí agus claimhte, cuid díobh ón 17 aois. Tá athchóiriú agus catalóg anois déanta agus an taispeántas le feiscint ag an bpobal. Bailiúchán uathuil is ea é seo, an-éagsúlacht ann is tábhacht ag baint leis ó thaobh staire agus cúsaí eitneacha de. Léirítear suim agus

scileanna duine de na hársaitheoirí ba bhreátha riamh a bhí sa Chabhán maraon leis an dúthracht a chaith sé leis mar dhuine.

Lean Musaem an Chabháin den gclár gníomhach scoileanna i rith na bliana. Tharlanna ceardlanna, cainteanna agus turais do bheagnach 3000 scoláire. Leanadh den dtionscnamh trasteorann "Nascadh Daoine, Áiteanna agus Oidhreacht" a bheireann scoileanna agus daoine fásta le chéile ón gCabhán is ó Fhear Manach chun eolas a chur an oidhreacht i bpáirt atá acu. Bunaítear cairdeas agus tuiscint ag na cruinnuithe rialta agus na himeachtaí. Go dtí seo fuarthas milliun euro nach mór chuige seo.

Tá an Musaem an-dáiríre faoina bheith go láidir ar an iidirlíon, coimeádtar an suíomh mar is cóir is uasdhátu rialta á dhéanamh air. Tá lucht leanúna an-mhór anois againn ar na meáin sóisialta. Sroichtear lear mór daoine thar sáile trín idirlíon agus san am gcéanna tathar i dteagmháil le pobal áitiúil an Chbhaain agus ag plé leo go rialta.

Meadaítear de shíor an líon cuairteoirí a thagann chuig an Musaem. Cuirtear an-shuim go deo i dtaispeántais agus i ngníomhaíochtaí éagsúla a léirionn scéalta, féiníomhá agus meon aitheantais an chontae seo. Taithí beo atá sa Mhusaem a léiríonn fianaise fisiciúil na staire idir radharc is mothúchan. Tháinig lucht éisteachta an-líonmhar chuig raith Leachtai an Gheimhridh, ní hamháin ón gCabhán ach ó chontaethe máguaird. Thaitin tráthnóntaí ceoil, scéalaíochta nó véarsaíochta le mórán, bhain cuid díobh siúd le féilte móra na bliana. Oibríonn an Musaem go dlúth le hOifig Ealaíon an Chabháin, Amharclann an Reamhoir, Leabharlann an Chabháin agus le hOifig Oidhreachta an Chabháin chun leas a bhaint as comhoibriú, acmhainní agus chun imeachtaí a reachtáil i gcomhar lena chéile mar ócáidí speisialta, léachtaí agus taispeántas in aghaidh gach bliana.

Chun costais a laghdú is i dtreo timpeallacht inmharthana, laghdaigh an Musaem an úsáid fuinnimh. Bunaíodh scéim ollmhór chun fuinneamh a spáráil i 2011 trí braiteoirí agus soilsí níos éifeachtaí a shuiteáil, mar a leagtar síos sa Phlean Náisiúnta um Fheidhmiú Fuinnimh. De bharr na hoibre úd spáráladh 27.7% de chostas an Mhusaeim. Tá soilsiú scagtha ultra-víolait chun na lámhdhéantúsáin a chosaint, rud a léiríonn Polasaí Cúram Bailiúchain an Mhusaem. Iarradh ar Mhusaem an Chabháin páipéar a chur i láthair ag comhdháil bhliantúil Cumann Musaem na hÉireann a léireoidh leas na mbeartas a tharla agus an spáráil costais atá bainte amach againn.



Taispeántas Rikki á Oscailt

Is fíor go ndéantar móran ar bheagán acmhainní sa Mhusaem. Oibrítear le ranna eile na Comhairle chun seirbhísí poiblí ardchaighdeáin a sholáthar. Cúis mhórtais don Chabhán gan dabht is ea a bhfuil bainte amach ag an Musaem go dtí seo laistigh d'achar gearr.

## Oifig Ealaíon

**Tascairi Seirbhíse**

I 2011 bronnadh ar an iomlán m20,700 faoin scéim gradam ealaíon ar 35 eagraíochtaí agus daoine aonair. Orthusan bhí Siobhan Harton don dtionscnamh Camera Obscura i gcomhar le Bus Éireann, Padraic Conaty don scannán No Party for Billy Burns, Gradam Tyrone Guthrie do Maurice Fitzpatrick agus gradam taispeántais do Ghailearaí Bluewall.

**Gradam Allianz Gnó don Ealaíon**

Bronnadh an Gradam Saothar Coimisiúnaithe don dtionscnamh Caitheamh Solais ar John Byrne, Gradam Gnó don Ealaíon ar Chomhairle Contae an Chabháin agus DV4. Bronnadh é sin ar Bhainisteoir Ealaíon Poiblí Rhonda Tidy i gCaisleán Átha Cliath mar a raibh an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa i láthair.

**Fleadh An Chabháin**

Bhí deis taispeántais ag ealaíontóirí an Chabháin mí Lunasa 2011. Tharla Aonach Ealaion Rianta ag seangharáiste Jackson's is 13 díobh páirteach. Failtíodh roimh Siobhán Harton ar Bhus Camera Obscura mar shos ón rí-rá agus rúille búille do lucht an Fleadh Cheoil. Coimisiún speisialta ab ea an fuaimrian iontach. Bhí saothar nua

á léiriú ag Philip Doherty is seó do pháistí bunaithe ar shaothar Roald Dahl. Bhí dráma nua le Padraic McIntyre ag an Holy Show. Mar chuid den lá teaghlaigh bhí Banna Píbe Moybrone agus rinceoirí Highland is Spectacle mar a raibh lucht Buí Bolg páirteach.



Siobhan Harton Camera Obscura

Chuir an Clár Ealaíon Poiblí na Flash Mobs ar fáil agus an rinceoir cónaithe Breandán de Gallaí ag obair le rinceoirí agus a lucht leanúna.



An tAire Jimmy Deenihan, Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ag labhairt leis an bPobal Ealaíon i Musaem an Chontae Mí Lúnasa 2011

**Ceiliúradh ar Scríbhneoirí Ban na hÉireann**

**Taispeántas - Feighlí Karen Downey**

Lorgaíodh taispeántas faoi 12 banscríbhneoirí Éirannacha mar cheiliúradh speisialta orthu. Ba í Ursula Burke a ghlac grianghrafanna de na scríbhneoirí agus ba í Karen Downey an feighlí.

**Tionscadail Náisiúnta**

Don chéad uair bhí an Oiche Chultúrtha ar siúl sa Chabhán ar an 23 Meán Fómhair. Ceiliúradh le chéile ab ea Bealtaine mar bhí an Oifig Ealaíona i bpáirt leis an gCeoláras Náisiúnta agus Compántas Carnation do Chuimhní Ceoil. Tharla an Clár Oscailte Ealaíon ar Lána Bullock mar a raibh Oliver Comerford páirteach. Bhí An Cabhán ar thrí ionad a d'fháiltigh roimh an clár Comhrá Ealaíon agus Sláinte i Musaem Chontae an Chabháin ag a raibh cleachtóirí ealaíon a mbíonn suim acu ina bheith ag saoathrí i gcomhthéacs cúrsaí sláinte.

**Maoiniú**

Bhronn An Chomhaiarle Ealaion maoiniú ar Chomhairle Contae an Chabháin do bhuiséad na gclár agus i 2011 b'shin m57,000. Fuarthas maoiniú eile faoi chlár SÍOCHAIN III ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

**Páirtithe**

I 2011 d'oibrigh an oifig ealaíon leis an gComhairle Ealaíon, ranna Udarás Áitiúla mar: Musaem an Chontae, An Leabharlann, Amharclann an Reamhoir, an tAonad Cuimsiú Sóisialta, páirtithe mar Chultúr an Chabháin, Ciste na hÉireann Idirnáisiúnta, Aonad Ealaíon Rianta, Tionscnamh Seachtrach an Lucht Siúil agus mórán eile.

**Amharclann an Reamhoir**

Le linn 2011 bunaíodh an córas áirithe ar líne don Amharclann, áis a mbíonn an-éileamh uirthi is daoine ag ceannach ticéid gan an teach a fhagáil. Bliain an-ghnóthach a bhí ann is seónna ceoil ar bun idir phroifisiúnta agus áitiúil agus in ainneoin an chúlú is minic a bhíonn an teach lán. I measc buaicphointí na hamharclainne i 2011 bhí

- The Seafarer léirithe ag NOMAD
- The Glass Menagerie
- The Honey Spike
- The Pitch
- Fruitcake
- Dear Frankie
- Ride On and Victors Dung
- Cór Soiscéal Bhaile átha Cliath
- Neil Delamere
- Dominic Kirwan
- Bhí Dave McSavage agus De Dannan orthu siúd a bhí ar stáitse i rith na bliana.



An “Holy Show”

Bhí baint ag an Reamhor le Fleadh in 2011 trí phíosa dar teideal an “Holy Show” le Padraic McIntyre as coimisiúnaíodh go speisialta mar gheall ar an bhFleadh a bheith sa Chabhán. D’éirigh go hiontach leis i Halla an Bhaile sa Chabhán agus arís sa Reamhor mí Meán Fómhair.

## Tithíocht

Tá sé mar aidhm ag an Roinn Tithíochta go mbeidh áitreabh inacmhainne ar ardchaighdeán ann do gach aon líontí sa chontae i dtimpeallacht atá oiriúnach dóibh agus dá gcuid riachtanas féin.

Sa Roinn Tithíochta:

- Déantar Cóiríocht a sholáthar dóibh siúd a mbíonn sí uathu go fadtéarmach.
- Cuirtear Tithe Inacmhainne ar fáil dóibh siúd nach acmhainn dóibh ceannach ar an margadh oscailte.
- Stiúraítear agus cóirítear Tithíocht na Comhairle agus spreagtar tionóntaiathe I leith na gcúraimí céanna.
- Tugtar Iasachtaí le tithe a cheannach agus tá Scéim Úinéireacht i bPáirt
- Cuirtear cóiríocht ar fáil don Lucht Siúil.
- Deantar próiseas ar iarratais ar Deontais do Lucht Míchumais agus do Chúnamh Tithíochta Seanóirí.
- Cabhraítear leo siúd a mbíonn teach uathu go fadtéarmach faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos do lucht faighte Liúntas Cíosa Forlíontach.

| | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Tithe ar Cíos | 130 | 109 | 98 |
| Síntí Curtha le Tithe | 6 | 0 | 2 |
| Líon Oibreacha Feabhsúchain déanta | 7 | 1 | 1 |
| Líon Tithe Díolta | 3 | 2 | 1 |
| Lion Iarratas faoin Scéim Cheannaigh do Thionóntaithe | 28 | 28 | 37 |

**Coiste um Bheartas Straitéiseach Tithíochta agus Sóisialta**

Is iad seo a leanas Baill an Choiste:

Comhairleoir Madeleine Argue, Cathaoirleach, Comhairle Contae an Chabháin

Comhairleoir Andrew Boylan, Comhairle Contae an Chabháin Comhairleoir Patricia Walsh, Comhairle Contae an Chabháin Comhairleoir John Paul Feeley, Comhairle Contae an Chabháin Comhairleoir Pauline McCauley, Comhairle Contae an Chabháin Comhairleoir Vincent McCaul, Comhairle Baile Mhuinchille

PJ Dunne, Cumann Naomh Uinseann de Pól

Bob Gilbert, Pobal agus Fiontar

Billy Thompson, Tuismitheoirí Aonair

**Cóiríocht don Lucht Siúil**

Bhí cruinniú amháin ag an gCoiste Comhairlitheach um Chóiríocht don Lucht Siúil i 2011. Is iad seo a leanas baill an Choiste:

Comhairleoir Patricia Walsh, Comhairle Contae an Chabháin

Comhairleoir Pauline McCauley, Comhairle Contae an Chabháin, Cathaoirleach

Comhairleoir Paddy Smith, Comhairle Contae an Chabháin

Comhairleoir Jacqui Lewis, Comhairle Baile an Chabháin

Mary Stokes, Ionadaí an Lucht Siúil

Joe McLoughlin, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Contae an Chabháin

Brian Hora, Cléireach an Bhaile, Comhairle Baile an Chabháin

Philip Coleman, Innealtóir Sinsearach, Comhairle Contae an Chabháin

Michael Geelan, Feidhmeannach Sinsearach, Comhairle Contae an Chabháin

Cuireadh cóiríocht ar fail do deich theaghlach de chuid an Lucht Siúil i 2011.

## Deontais

1. **Deontas um Athchóiriú do Lucht Míchumais:** chun cóiríocht a soláthar/cur in oiriúint de réir gá i gcás duine a bhíonn faoi mhíchumas.

2. **Scéim Deontas Cúnamh Soghluaiseachta:** chun cóiríocht a cur in oiriúint má bhíonn fadhbanna gluaiseachta de dheasca seanaoise.

3. **Scéim Cúnamh Tithíochta do Sheanóirí:** díritear ar chóiríocht a fheabhsú de réir gá do lucht scothaosta a bhfuil teach cheana féin acu

Expenditure in 2011 was m1,420,783 as follows:

| Deontas | Líon | Méid |
|---|---|---|
| Deontas um Athchóiriú do Lucht Míchumais | 45 | m540,989 |
| Scéim Cúnamh Tithiochta do Sheanóirí | 92 | m654,287 |
| Scéim Cúnamh Soghluaiseachta | 46 | m222,747 |

**Bainistiú Eastát Tithíochta**

Tá Oifig Theagmhála á forbairt is á feabhsú sa Roinn Tithíochta mar nasc cumarsáide pobail. Tá sé ar intinn tacú le tionóntaithe trí chomhairle a chur orthu is freisin trí iad a spreagadh chun a bheith gníomhach i saol an phobail agus chun comhoibriú le comharsana i dtreo spiorad pobail a chothú ar an eastát.

Tá Oifigeach Teagmhála Tithíochta ann ar bhonn lánaimseartha a bhíonn ag plé le tionóntaithe agus le grúpaí áitritheoirí. Tá 39 gcumann áitritheoirí anois cláraithe go foirmiúil in eastáit Comhairle Contae an Chabháin. Bíonn siad siúd i bpáirt leis an gComhairle agus spásanna poiblí á gcothabháil, oibrítear mar shaorálaigh freisin chun dreach na timpeallachta a fheabhsú.

Bíonn Cúrsaí Réamhthionóntachta ann do gach tionónta nua. Lá oiliuna is ea é seo agus deis ag foireann na comhairle agus tonóntaithe aithne a cur ar a chéile. Bíonn deis ag tionóntaithe ceisteanna chur agus mínítear an comhaontú tionóntachta. Déanann an tOifigeach Teagmhála Tithíochta coinne bualadh leo go gairid tar éis bogadh isteach i dteach nua chun tacaíocht is comhairle ón Roinn Tithíochta a sholáthar.

D'éirigh go han-mhaith leis an oiliuint mar naisc idir an fhoireann agus lucht cónaithe na n-eastát. I 2011 d'fhreastal 125 thionónta nua ar an gCúrsa Réamhthionóntachta.
I 2011 d'eagraigh an Roinn Tithíochta Comórtas Gradam Eastát chun saothar áitritheoirí i rith na bliana a aithint, mar shampla glantachán ceantar, bláthcheapacha, ealaíon sráide, dealbhadóireacht, tionscnaimh faoin dúlra agus ócáidí oidhreachta.

Tharla Oíche na nGradam 14 Samhain 2011 i Seomra na Comhairle sa Chabhán. Thréaslaigh an Cathaoirleach, Comhairleoir Sean McKiernan a gcuid diansaothair le cách agus bhronn na duaiseanna sna catagóirí éagsúla. Bhí taispeántas postaerí ag roinnt eastát a léirigh na feabhsúcháin a bhi déanta agus an pháirt a bhí ag an óige agus ag comharsana san iarracht.

Ba iad seo a leanas na catagóirí: Eastáit is Fearr, Teach is Gáirdín is Fearr, Tionscnamh Óige agus Príomhghné Suntasach in Eastát.

## Duaiseanna: Gradaim Eastát Comhairle Contae an Chabháin 2011

**Toghcheantair Bhéal Tairbirt agus An Chabháin**

**Eastát Údarás Áitiúla is Fearr: Catagóir A (Eastáit Mhóra)**
Cead Áit: Woodlands, Béal Átha hÉis
Dara hÁit: Cnoc Cannons, Cill na Seanrátha

**Eastát Údarás Áitiúla is Fearr: Catagóir B (Eastáit Bheaga)**
Cead Áit: Bóthar An Portaigh, Béal Átha hÉis
Dara hÁit: Plás Clonmahon, Béal Átha na nEach

**Teach Aonair agus Gáirdín**
Alfie agus Bridie Ó Riain, Céide Seangharraí, Béal Átha na nEach

**Tionscnamh Óige**
Cnoc Cannons, Cill na Seanrátha

**Príomhghné Suntasach in Eastát**
'Bláthcheapacha' - Doon Beg, Béal Átha Chonaill

**Toghcheantair Bhaile Sheamais Dhuibh agus Choill an Chollaigh**

**Eastát Údarás Áitiúla is Fearr: Catagóir A (Eastáit Mhóra)**
Cead Áit: Lisanisky, Dún an Rí
Dara Áit: Páirc Uí Ghríofa, Muinchille

**Eastát Údarás Áitiúla is Fearr: Catagóir B (Eastáit Bheaga)**
Céad Áit: New Line, Muinchille
Dara Áit: Coolkill Hills, Cill na Leice

**Teach Aonair agus Gáirdín**
Susan Tuite, Eastát Chill Mór, Baile Shéamais Dhuibh

**Tionscnamh Óige**
Glenview, Baile Shéamais Dhuibh

**Príomhghné Suntasach in Eastát**
'Pota an Ghorta' agus 'Cathaoir an Mhaoir', New Line, Muinchille
Tobar Guí, Lisanisky, Muinchille
Tobar Bláthanna, New Line, Muinchille

**RAS: An Scéim um Chóiríocht ar Cíos**
Bunaíodh an Scéim um Chóiríocht ar Cíos chun teach a sholáthar go fadtéarmach dóibh siúd a fhaigheann an Liúntas Cíosa Forlíontach (ar feadh breis is 18 mí) tri thithe a fhail dóibh san earnáil phríobháideach nó trí áisínteachtaí tithe sóisialta. Bíonn an teach ar cíos ag an gComhairle ón úinéir agus íocann an tionónta cíos leis an gComhairle. Déantar an Cíos Forlíontach a chúiteamh linn ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Aitiúil. Faoi dheireadh Mí na Nollag 2011 bhí 46 thionónta RAS i dtithe deonacha agus 246 i gcóiríocht atá ar cíos ó úinéirí príobháideacha.

**Tithíocht Shóisialta**
Bhunaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil tionscadal um chóiríocht ar léas maidir le tithíocht shóisialta.

Tá rogha níos leithne do thithíocht shóisialta anois ag Údaráis Áitiúla faoin scéim nua. Faightear áitribh ar léas ó úinéirí príobháideacha agus tugtar iad dóibh siúd a bhíonn ar a gcuid liostaí feithimh tithíochta. Dáiltear na háitribh a bhíonn ar léas de reir na Sceimeanna Údarás Áitiúla.

**Foirgníocht**

I measc na dtionscadal a chinntíonn go mbíonn Stoc Údarás Aitiúla ar ardchaighdeán agus de réir riachtanas feidhmiú fuinnimh tá an Scéim um Aischóiriú Fuinnimh. De réir a chéile feabhsófar an feidhmiú fuinnimh sa stoc iomlán tithíochta. Rinneadh uasghrádú ar aonaid in áiteanna éagsúla ar fud an chontae i 2011.

**Tithíocht Shóisialta**

Tá 52 Theach Ullamh anois in Achadh an Iúir agus an obair ar bun go leanúnach faoi láthair.

**Tithíocht Dheonach**

Chríochnaigh Cumann Deonach Naomh Killian dhá aonad deag i bhforbairt nua atá in aice le hIonad Oidhreachta Naomh Killian sa Mhullach. I dteannta an chlár Údarás Áitiúla ba cheart go mbeadh dóthain tithíochta ansan sa Mhullach agus sa cheantar máguaird.

## Seirbhísí Uisce, Dramhaíola, Comhshaoil, Éigeandála agus Turasóireacht

### An tSeirbhís Dóiteáin

**Táscairí Seirbhíse**

Sa tábla seo a leanas tá na Tascairí Seirbhíse do Sheirbhís Dóiteáin Comhairle Contae an Chabháin faoi Nollaig 2010 agus 2011

| **F. Seirbhís Dóiteáin** | **Tomhas** | **2010 Tinte** | **2010 Eile** | **2011 Tinte** | **2011 Eile** |
|---|---|---|---|---|---|
| F.1 Meán-am slógtha do Bhriogáid Dóiteáin lonnaithe i: | | | | | |
| F.1 (a) Stáisiún Lánaimseartha | Nóiméad | N/A | N/A | N/A | N/A |
| F.1 (b) Stáisiún Pháirtaimseartha | Nóiméad | 5.88 | 4.70 | 5.33 | 4.73 |
| | | | | | |
| F.2 Céatadán freastail ar láithreacha de réir ama: | | | | | |
| F.2 (a +d) Láthair a bhaint amach laistigh de 10 nóiméad | % | 35 | 44 | 40 | 40 |
| F.2 (b & e) Láthair a bhaint amach idir 10 agus 20 nóiméad | % | 42 | 44 | 43 | 46 |
| F.2 (c + F) Láthair a bhaint amach tar éis 20 nóiméad | % | 23 | 12 | 17 | 14 |
| Iomlán | | 100 | 100 | 100 | 100 |
| | | | | | |
| **F.3 Cosc Dóiteáin** | **Tomhas** | **2008** | **2009** | **2010** | **2011** |
| F.3 (a) Líon iarratas faighte ar Theastas Sábháilteachta Dóiteáin | Aonaid | 113 | 82 | 57 | 54 |
| F.3 (b) Líon iarratas ar Theastas Dóiteáin a ndearnadh próiseáil orthu | Aonaid | 108 | 87 | 61 | 44 |
| F.3 (c ) Líon iarratas a measadh a bheith neamhbhailí | Aonaid | 7 | 7 | 1 | 0 |

**Clár Caipitiúil**

Cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil inneall nua Volvo Rang B (ag a bhfuil córas Cafs-combhrúite aerchúir) don Chontae. Fuarthas an tInneall mí Lúnasa 2011 agus é anois in úsáid i Stáisiún Dóiteáin An Chabháin. Níor dáileadh aon mhaoiniú d'fhearais dóiteáin i gClár Caipitiúil 2011.



An Taoiseach Enda Kenny T.D. agus Oifigeach Stáisiúin Jim Lyng nuair a fuair Briogáid Dóiteáin An Chabháin an tInneall nua.

Osclaíodh Stáisiun nua Bhéal Tairbirt 7 Feabhra 2011. Tá suímh ar fáil do stáisiúin nua i mBaile Shéamais Dhuibh agus Achadh an Iúir. Tá na cáipéisí conartha maidir le hAchadh an Iúir leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus tharla comhráití cheana féin leis an Roinn faoi Stáisiún Bhaile Shéamais Dhuibh.



Stáisiún Dóiteáin Bhéal Tairbirt

**Bainistiú Móréigeandála**

Is é Teach na Cúirte an Chabháin an Lárionad comhordaithe i gcas móréigeandála sa Chontae. Úsáideadh e mar ionad le linn na drochaimsire tús na bliana 2011 agus le haghaidh freacnaimh ar an 14 Iúil agus 6 Nollaig 2011. Bíonn uasdhátú ar siúl de shíor ag an gComhairle ar an bPlean Móreigeandála mar a bhfuil sainorduithe do bhainistíocht shinsearach na n-áisínteachtaí freagartha maidir le cinntí i gcas móréigeandála.



Freacnamh Móréigeandála 6 Nollaig 2012.

**Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bhainistiú Dóiteán agus Éigeandála**

I 2009 thosaigh an Stiúrthóireacht ar cháipéis náisiúnta: Treoir Caighdeánach Oibríochta (SOG) a fhorbrófar maidir le breis is 50 saghas eachtraí. Caithfear na SOG a chur in oiriúint do riachtanais áitiúla oibríochta. Le linn 2010 eisíodh 15 SOG ar fud na tíre agus fiche ceann díobh i 2011. Tá triocha SOG déanta cheana féin ag Seirbhís Dóiteáin an Chabháin. Tá sé i gceist ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta na cinn eile a fhorbairt agus a eisiúint le linn 2012/2013. Éilítear breis oibre ón Seirbhís Dóiteáin mar gheall ar na SOG maidir le hoiliúint agus le cleachtadh a chur ar fáil do Chomhraiceoirí.

**Oiliúint**

I 2011 eagraíodh cúrsaí oiliúna in iompar dóiteáin, tiomáint, céadfhreagairt, timpistí bóthair, ábhar guaiseach, oibriú sábh slabhra, athnuachan agus bunoiliúint i ngoireas anála, comhrac dóiteáin d'earcaithe, láimhseáil agus oibriú ardán Hidreolaíoch 7rl. Bíonn oiliúint rialta 2.25 uair a chloig trí oíche in aghaidh na míosa do gach briogáid freisin. Téann oifigigh idir Shóisir agus Shinsir ar chúrsaí de chuid na Stiúrthóireachta Naisiúnta mar is cuí. Éilítear breis oibre ón Seirbhís Dóiteáin mar gheall ar na SOG maidir le hoiliúint agus le cleachtadh a chur ar fáil do Chomhraiceoirí.




Seirbhís Dóiteáin Contae an Chabháin: Bunchúrsa i gCaitheamh Goireas Anála 4 - 15 Aibreán 2011 ag Stáisiún Dóiteáin Dhún Dealgan

**Athrú Tiomána**

Tá baint ag Seirbhís Dóiteáin an Chabháin le hAthrú Tiomána, tionscnamh trí bliana I bpáirt le Seirbhís Tarrthála agus Dóiteáin an Tuaiscirt (NIFRS), Seirbhísí Dóiteáin na sé "contae teorann" i bPoblacht na hÉireann, An Roinn Sláinte Poibli agus Seirbhísí Sóisialta(DHSSPS), An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DEHLG), Comhoibriú agus Cur le Cheile (CAWT) agus an eagraíocht saorálach Gaisce Poiblí a dhíríonn ar an óige. Tá sé mar aidhm ag an dtionscnamh sláinte agus sábháilteacht lucht taistil I gceantair na teorann a fheabhsú trí thionscadail a bhaineann le Sabháilateacht ar an Bóithre.

Tharla infheistíocht i gcomhoiliúint agus i seimineáir do phearsanra seirbhísí dóiteáin ar dha thaobh na teorann chun cur le caigfhdeáin maidir le fuascailt, daingniú feithicile agus láimhseáil daoine gortaithe i gcás Timpistí Tráchta ar Bhóthar (RTC). Chomhoibrigh Seirbhís Dóiteáin An Chabháin le coistí, cuireadh ionaid oiliúna maraon le fearas is pearsanra ar fáil agus bhíothas páirteach sa tionscnamh chun a chinntiú go n-éireodh leis.

Tháinig cuid den mhaoiniú ó Chiste Forbartha Réigiúnach na hEorpa an Aontas Eorpaigh (ERDF) trín gClár Trasteorann INTERREG IVA a bhíonn faoi stiúir Comhlacht Clár Speisialta an Aontas Eorpaigh (SEUPB).

De bharr an tionscnaimh ba chóir go ngearrfaí tréimhsí freagartha pearsanra Seirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála i gcás Timpistí Tráchta ar Bhóthar, go mbeadh caighdeán cothrom ar bun ar fud an cheantair agus go laghdófaí an líon daoine a mharaítear is a ghortaítear ar na bóithre.

**Dóiteáin a Sheachaint**

Deantar cigireacht de réir dualgas reachtúla in aghaidh na bliana ar óstáin, tithe tábhairne, bialanna, hallaí pobail, clubanna agus stáisiúin pheitril. I measc dualgas na ranna tá ceadúnas biotáillí, rince, clubanna agus Ceadúnais Chrannchur agus Imeartha a phróiseáil.

Leantar de chlár chun dóiteáin a sheachaint trí shábháilteacht foirgneamh sa Chontae a fheabhsú agus tri oideachas a chur ar an bpobal maidir le riachtanais bhunúsacha don sábhailteacht. Déanann an tseirbhís dóiteáin iarracht ar chuairt a thabhairt ar an dtríú rang i ngach aon bhunscoil sa chontae in aghaidh na bliana. Le linn scoilbhliana 2010/2011 tugadh cuairt ar 80 scoil agus dáileadh 1,146 phacáiste eolais faoi shabháilteacht.

Faoi na Rialacháin (Rialaithe) Foirgníochta caithfear Teastas Sábháilteachta Dóiteáin a fháil chun foirgneamh seachas teach cónaithe nó foirgneamh talmhaíochta a thógail, chun síneadh a chur nó chun athru ábharatha a chur i gcrích. Ar an iomlán fuarthas 54 iarratas ar Theastas Sábháilteachta agus táillí €57,900 i 2011, laghdú ar an mbuaic 167 i 2007.



Sliabh Rushen tar éis tinte mí Bealtaine 2011

**Cosaint Shibhialta**

Cé gur eagraíocht náisiúnta í Cosaint Shibhialta mar sin féin tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as seirbhísí áitiúla faoin Oifigeach Cosaint Shibhialta agus Oifigeach Cúnta. Cláraionn na baill leis an Eagraíocht Náisiúnta ach bíonn siad ag freastal ar a bpobal féin. Tagann thart ar 60% den mhaoiniú ón mBord Cosaint Shibhialta agus an fuílleach 40% ó Chomhairle Contae an Chabháin. Bhronn an Bord deontas €10,000 i 2011 i dtreo Jíp tiomána ceithre roth a cheannach don Chontae.



Lá 'Le Pádraig 2011

Is iad seo a leanas na príomhréimsí laistigh de Chosaint Shibhialta: Comhrac Tine, Cumarsáid Raidió, Monatóireacht Raidíochta, Cuardach is Tarrtháil agus Leas. Bíonn traenáil agus cleachtaí ar siúl go rialta agus bhí na baill ar dualgas don gharchabhair agus clúdach ag breis is 50 ócaid poiblí i rith na bliana. Is go deonach a shaothraíonn na baill ar son an phobail ach bionn siad ag foghlaim scileanna san am gcéanna. Is mór an chabhair iad do phobal ar bith.

Ar na hócáidi agus imeachtaí a raibh baint go náisiúnta ag Cosaint Shibhialta an Chabháin leo le bliain anuas agus a ndearnadh trácht orthu sna Meáin Náisiúnta bhí an drochaimsir, na hArdlonga, Fleadh Cheoil an Chabháin 2011 agus an Comórtas Náisiúnta Cosaint Shibhialta.



Comórtas Cosaint Shibhialta ar Eastát Farnham, Foireann Ros Comáin

Ar an 16 Deireadh Fómhair d'fháiltigh Cosaint Shibhialta an Chabháin Comórtas Réigiúnach Cosaint Shibhialta. Lonnaíodh an ócáid go príomha ar fhearann Óstán Radisson Blu Eastát Farnham agus sa Stáisiún Dóiteáin. Clúdaíodh cúig shuíomh iomaíochta idir Dhruilleáil, Dúshláin Fhoirne, Cumarsáid, Garchabhair/Tarrtháil agus Caidéalú/Cosaint Tuilte. Tháinig foirne ó Bhaile Átha Cliath, Lú, Muineachán agus Ros Comáin. Ba iad foireann Bhaile Átha Cliath a bhí sa chéad áit.

Chuaigh Cosaint Shibhialta an Chabháin chuig an Comórtas Réigiúnach i mBaile Átha Cliath ar an 20 Samhain 2011. Ba iad James Speares, Fintan Cooney, Sean Kelly, Jim Harwood, Nigel McDowell, Catherine McCollum, Florence Snell, Charlie Fitzsimons, Declan Smith, Andrew Ward, Francis Brady, Mike Barrett foireann an Chabháin.



Comórtas Réigiúnach, Foireann an Chabháin

Le bliain anuas bhí Cosaint Shibhialta páirteach i Mórshiúlta na Féile Pádraig, scileanna do Shaorálaigh agus Teagascóirí, Seónna Pobail, Féilte (An Fhéile Puimcíní san áireamh), Ceolchoirmeacha, Ócáidí Eachaíochta, Craobh na hÉireann sa Chispheil , Dúshlán Cuilceach, Cluichí CLG i bPáirac Bhréifne agus Fleadh Cheoil an Chabháin. Bhí breis is 70 acu páirteach I dturas go dtí an Geopháirc in Oirhtear an Chabháin ar an 29 Bealataine.

Bhi breis is 100 saorálach ó Chosaint Shibhialta an Chabháin bainteach le garchabhair don bhFleadh Cheoil in éineacht le Cumann na Croise Deirge agus Ord Malta. Ba iad Cosaint Shibhialta a chum an plean leighis ócáide agus ba í seo an dara huair don trí eagraíocht úd a bheith ag obair as lámh a chéile ag aon ócaid amháin sa Chontae.



Fleadh Cheoil an Chabháin 2011

Tharla 14 rang in aghaidh na seachtaine i 12 Ionad ar fud an chontae ó Bhlaic go Dún an Rí. Bíonn fáilte roimh chách ag na rannganna. Tá gearghá le saorálaigh sa Chosaint Sibhialta mar níor chóir go mbeadh ualach ró-throm ar éinne acu maidir leis an am a chaitear.

## Seirbhísí Uisce

Tá an Roinn Seirbhísí Uisce freagrach as seirbhísí Usce agus Fuíolluisce a sholáthar ar fud an chontae. Is iad seo a leanas na haidhmeanna atá ag an roinn:

- a chinntiú go mbíonn dóthain uisce ar chaighdeán cuí ag custaiméirí idir theaghlaigh, tionscail, lucht talmhaíochta is eile.
- dóthain córas séarachais a sholáthar chun séarach agus dramhaíl eile ar uisce a dhiúscairt go sábháilte.
- an bonneagar a chinntiú chun an dá aidhm thuasluaite a chur i gcrích.
- seirbhís sofhreagrach agaus éifeachtach a sholáthar don chustaiméir ag am ar bith
- fás agus forbairt sa todhchaí a phleanáil
- na haidhmeanna thuasluaite a chur i gcrích agus margadh maith ag an gcustaiméir.

Tá 17 gcinn de Scéimeanna Uisce Poiblí sa Chontae agus ocht gcinn ag brath ar Ghrúpscéimeanna Príobháideacha; sin thart ar 13,250m³ fíoruisce in aghaidh an lae. Tá 26 Fhearas Cóireála Fuiolluisce sa Chontae. Caitheadh m10.9 milliún ar sholáthar uisce i 2011.

Críochnaíodh an scéim um Mhéadrú Uisce do chustaiméirí seachas teaghlaigh agus bailíodh m1.8milliún i 2011.

**Dúshlán na Rialachán Nua**

Is é an dúshlán is mó atá romhainn sna Seirbhísí Uisce ná na riachtanais faoi réir ag an mBille Seirbhísí Uisce 2007, na Rialacháin Uimh.2 (Fíoruisce) Comhphobal Eorpach 2007 (I.R. UImh. 278 de 2007) agus na Rialacháin um Fhuíolluisce Uirbeach (Údarás) 2007 (I.R. Uimh. 684 de 2007).

Tá dualgais troma ar an Údarás Áitiúil maidir leis na caighdeáin úd go léir. Dá bhrí sin bíonn orainn díriú orthu siúd in ionad tús áite a thabhairt do riachtanais seirbhísí an Chontae.

De réir na Rialachán um Fhuíolluisce Uirbeach (Údarás) 2007 bíonn ceadúnas ón nGníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil (EPA) ag teastáil do gach aon fhearas cóireála fuíolluisce. Rinneadh 25 iarratas ar Cheadúnais Diúscartha chuig an EPA faoin

reachtaíocht um fhearais chóireála fuíolluisce ar chostas m287,000 don 25 chinn ar an iomlán.

Ag féachaint romhainn beidh athrú an-mhór ar sholáthar seirbhísí san earnáil seo nuair a thiocfaidh Uisce Éireann chugainn.

**Táscairí Seirbhíse**

Déantar tástáil ar sholáthar Uisce Poiblí agus ar eisiltigh ó na fearais chóireála fuíolluisce i saotharlann chreidiúnaithe na Comhairle.

Baineann Táscairí Seirbhíse na roinne le géilliúlacht do na Rialacháin Fuíolluisce 2007. Is iad seo a leanas na figiúirí do na Scéimeanna Poiblí.

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| Géilliúlacht | 98.8% | 97.8% | 98.4% | 98.8% | 99.1% |

**Scéimeanna Caipitiúla**

I 2010 foilsíodh Plean Nua Infheistíocht i Seirbhísí Uisce 2010-2012 in ionad an WSIP 2007-2009 a bhí cheana féin ann. Is iad seo a leanas na sonraí cuí:

**Conarthaí á dTógáil**

Scéim Soláthar Uisce Tuaithe (RWSS) An Cabhán agus Muinchille Céim 2 (H) - Conradh 1 Oibreacha Sibhialta ar Chostas m**8,318,000.00**

Caomhnú Uisce Céim 3 Oibreacha Ármhach Athnuachan m**1,128,000.00**

**Conraí le Tosú 2010-2012**

- Scéim Soláthar Uisce Bhéal Átha Chonaill Uasghrádú Fearas Cóireála m**1,800,000.00**
- Scéim Soláthar Uisce Bhéal Tairbirt Uasghrádú Fearas Cóireála m**1,500,000.00**
- Scéim Soláthar Uisce Réigiún an Chabháin Céim II (H) m**2,000,000.00**
- Scéim Séarachais an Chabháin (H) Uasghrádú Fearas Cóireála m**6,000,000.00**
- Scéim Soláthar Uisce Mhuinchille Uasghrádú Fearas Cóireála m**1,500,000.00**
- Scéim Soláthar Uisce Dhún an Rí Uasghrádú Fearas Cóireála m**2,000,000.00**
- Caomhnú Uisce Céim 3 Oibreacha Athnuachan Príomhphíopaí Céim 1 m**6,480,000.00**

Táthar fós ag obair ar Chaomhnú Uisce Céim 3 in Ármhach agus an dá chonradh eile a bhí ar siúl ó 2010 críochnaithe le linn 2011.

Tá dul chun cinn trín gCéim Pleanála déanta i 2011 ar na 6 Scéim eile faoi chonradh le tosú idir 2010-2012 agus roinneadh scéimeann áirithe i gConrarthaí Aonair.

Ina dteannta san críochnaíodh na hOibreacha Caipitiúla seo a leanas:

- Cóireáil Fuíolluisce an Chabháin: i 2011cuireadh isteach Fearas Láistigh ag an bhFearas Cóireála atá cheana féin ann go speisialta chun próiseas a dhéanamh ar Láisteach ó Laithreán Líonadh Talún Corr an Iúir ar chostas thart ar m1.1 milliún.

- Scéim Soláthar Uisce Réigiún an Chabháin: na príomhphíopaí idir Na Bilí agus An Leacht.

Críochnaíodh nach mór an conradh i 2011 ar chostas thart ar m0.6milliún.
Ar an iomlán caitheadh thart ar m5.66 milliún ar Oibreacha Caipitiúla i 2011.



An tAire Phil Hogan ag féachaint ar oibeacha ar bun ar RWSS An Chabháin Leagadh príomhphíopaí idir Na Bilí agus An Leacht. Ar chúl: Jack Keyes Bainisteoir Contae, Phil Hogan An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Chun tosaigh: Sean Conlon T.D., Comhairleoir Sean McKiernan Cahaoirleach Comhairle Contae an Chabháin, Heather Humphries T.D., Eoin Doyle Stiúrthóir Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil.

## Clár Uisce Tuaithe

**Grúpscéimeanna Uisce**

Tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as riaradh deontas do Ghrupscéimeanna Uisce agus Séarachais faoin gClár Uisce Tuaithe sa Chabhán. Caitheadh m**79.4milliún** ar an gclár faoi dheireadh 2011 ó bhí an scéim faoi chúram Údarás Áitiúla thiar sa bhliain 1997. Bhí tromlach na hoibre i leith caighdeán soláthar déanta faoi dheireadh na bliana 2010. Tá dul chun cinn iontach déanta le blianta beaga anuas i gcúrsaí Uisce Tuaithe agus buiséad m1.3 milliún ann i 2011. D'éirigh go han-mhaith leis an gcomhpháirtíocht a bhunaigh agus a stiúraigh an Chomhairle ó shin le páirtithe leasmhara an Uisce Tuaithe agus torthaí an tsaothair úd anois le feiscint go soiléir.

Leanadh de na hoibreacha éascaíochta le linn 2011 agus m**139,000** caite ar an iomlán chun fuílleach an Chuntais Dheiridh ar chonradh DBO an Chabháin Thoir a ghlanadh. Tá na hoibreacha go léir críochnaithe faoin dteideal seo anois, rud a bhí riachtanach gan dabht chun go n-éireodh leis leis an gclár uisce tuaithe agus go mbeadh Grúpaí in ann pleanáil ar aghaidh as a stuaim féin.

**Nua/Uasghrádú**

Leathnaíodh an gréasan Clár Uisce Tuaithe an Chabháin chun fíoruisce a bheidh ar chaighdeán an AE a sholáthar le linn 2011 chomh fada agus is féidir. Caithfear thart ar m**760,000.00** ar na beartais chéanna i 2011. Ar na hoibreacha a rinneadh sa chatagóir úd bhí na scéimeanna seo a leanas: Gleann na hÉirne, Droim Caoirigh, Gleann Ghaibhle, Crois ar Loch, Barraghy/Farmoyle, Baile an Mhuillinn, An tEanach, Clifferna, Caisleán Raithin/ Droichead Ui Dhálaigh/ Muintir Chonnacht agus Na Pollaí.

**Mionoibreacha Uisce agus Searachais**

Rinneadh oibreacha éagsula ar fud an Chontae agus caitheadh m**1.5milliún** faoin gclárr úd le linn 2011. Fuarthas m**450,000** ar dtús ón Roinn mar 75% maoiniú agus ansan arís maoiniú breise m**200,000** agus m**700,000** i dtreo deireadh na bliana 2011. Ar na scéimeanna a bhain leas as an maoiniu úd bhí príomhphíopaí i Muinchille, Searcóg, Baile an Chabháin agus Uisce Poibli Chill na Seanrátha chomh maith le hathchóiriú ar Scéimeanna Soláthar Uisce Réigiúnacha An Chabháin, Coill an Chollaigh, agus Baile Shéamais Dhuibh. Oibríodh freisin ar scéimeanna séarachais ar fud an chontae agus léiríodh arís an solúb thacht a bhaineann le Foireann na Seirbhísí Uisce mar caitheadh maoiniú suntasach a tharraingt anuas agus a chaitheamh laistigh de thréimhsí gearra ama go deireanach i 2011.

**Ilchineálach**

Is léir dúinn anois gur chiallmhar an beart é thiar sa bhliain 2001 glacadh le straitéis fadtéarmach maidir le huisce tuaithe. Dá bharr san bhi creat soiléir amach ronhainn chun an leas is fearr a bhaint as ár gcuid acmhainní i gContae an Chabháin agus chun iad a chaomhnú sa todhchaí.

**Athrú ar Shocruthe Fóirdheontas**

Tá dha shaghas fóirdheontas anois ann. Baineann **Fóirdheontas A** le costais ghinearálta chun grúpscéim a oibriu is a bhainistiú. Baineann **Fóirdheontas B** le hOibriú agus le Cothabháil faoin gcóras conartha "bona fide" ar bhonn Dearadh/Tógáil/Oibriú dóibh siúd a mbíonn fearas cóireála dá gcuid féin acu. Tá leasú déanta ar an gcóras próiseála Réamhíocaíochtaí mar a mhínítear sa mheamram a scaiptear ar na grúpscéimeanna.

**Is leir ón méid sin go bhfuil An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil tiomanta**

don gClár Uisce Tuaithe agus don gclár ar fud na tíre. Toradh is ea an tiomantas ar an gcur chuige páirtíochta idir na grúpscéimeanna, AnCónaidhm Náisiúnta Grúpscéimeanna, na hÚdaráis Aitiúla agus an Roinn maidir le fíoruisce inolta a sholáthar. Dáileadh ar an iomlán m**2.75 milliún** ar ghrúpscéimeanna i bhfoirm fóirdheontas le linn 2011.

**Deontas chun Soláthar Uisce do Theach Aonair a Chur isteach nó a Fheabhsú.** Faoin scéim seo tugtar deontas 75% den chostas (uasmhéid m**2,031.58**) chun soláthar uisce a fheabhsú. Caithfidh an t-iarratasóir féin a bheith ina chónaí san áitreabh a tógadh ar a laghad seacht mbliana ó shin agus ní mór a chruthú nach bhféadfaí freastal air trí Ghrúpsceim nó trí Sceim Phoiblí. Íocadh m**23,865.00** mar dheontais dá leithéid faoi dheireadh 2011.

**Tionscnamh Caomhnú Uisce**

Lean an fhoireann um Chaomhnú Uisce den iarracht ar Uisce gan Chuntas (UFW) a laghdú sa chontae le linn 2011. Bhí geimhreadh an-chruaidh arís againn mar a bhí i 2010 agus an teocht thíos ag -16 Chéim in áiteanna. Dá dheasca san bhí líon fabhtanna thar cuimse sa tsoláthar uisce idir phoiblí is príobháideach.

**Ar ndóigh chuaigh an méid sin go léir i gcion ar fhigiúr Uisce gan Chuntas na bliana**

36.1% a bhí níos ísle mar sin féin ná 2010. Is fíor agus is maith linn a rá, áfach, gur tháinig laghdú ar an bhfigiúr UFW sa dara ráithe 2011 agus é ar 32.3% nó ar an méid ab ísle le cúig bliana anuas.

Tá Comhairle Contae an Chabháin anois i mbun céim III den Chlár um Chaomhnú Uisce mar atá codanna den bhonneagar príomhphíopaí nach bhfuil ag féidhmiú go heifeachtach a athnuachan. Leagadh síos tosaiochtai do chéim III de réir ciorclán L6/07 agus an straiatéis contae mar a mhínítear in alt 7 den tuairisc dheiridh um Chaomhnú Uisce ceim II. Fostaíodh Innealtóirí Comhairlitheach Mitchel Tobin chun cuid de na scéimeann úd a chur i gcrích.

Faoin gClár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce 2010 go 2012 fuarthas dáileadh do na scéimeanna seo a leanas:

- Príomhphíopaí Ceantar Méadraithe Limistéar Ármhach (DMA)
- Príomhphíopaí An Mullach /Béal Átha hÉis DMA
- Priomhphíopaí Choill an Chollaigh DMA

Críochnaíodh Ármhach ar chostas m400,000 agus an UFW anois faoi bhun 8%. Tá na cáipéisí conartha á n-ullmhú faoi láthair don dTionscnamh An Mullach/Béal Átha hÉis is tá conradh chun an suíomh a scrúdú ar siúl faoi láthair do scéim Choill an Chollaigh. Ba cheart iad siúd go léir a bheith á dtógáil le linn 2012. Dáileadh m2.7 milliún don dá scéim thuasluaite.

Faoin athbhreithniu bliantúil ar an gClár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce (WSIP 2010-2012), clúdaíodh na conarthaí seo a leanas faoi dháileadh m3.18m.

- Béal Átha na nEach/Cill na Leice DMA Athnuachan Príomhphíopaí
- Scéim Soláthar Uisce Béal Átha Chonaill Athnuachan Príomhphíopaí
- Cill na Seanrátha DMA Athnuachan Príomhphíopaí



Athnuachan ar bun ar phríomhphíopaí uisce.

## Turasóireacht

Leanann Turasóireacht an Chabháin le forbairt na turasóireachta agus leis an gcontae a chur chun cinn mar láthair do chuairteoirí.



Ceann de na slite siúlóide atá go flúirseach sa Chontae.

**An Geopháirc**

Leanadh den obair ar an Geopháirc Dhomhanda Uaimheanna na h Áirse Marmair a fhorbairt, a chothabháil agus a chur chun cinn i gcomhar le Comhairle Ceantar Fhear Manach. Chabhraigh Turasóireacht an Chabháin leis an Saoiste Geopháirce chun léarscáil fhillte a fhoilsiú le páirtmhaoiniu ó Fháilte Éireann. Tá an léarscáil ar fáil sna hoifigí turasóireachta.

**Treoir do Chontae an Chabháin**

Tá an leabhrán nua atá mar threoir do Chontae an Chabháin ar fáil trí sholáthróirí cóiríochta agus na hoifigí turasóireachta.

**Iniúchadh Cumann Uiscí Intíre Éireann**

Bhí baint ag Comhairle Contae an Chabháin agus Turasóireacht an Chabháin leis an ‘Staidéar Aitheantais um Fhóilíocht, Turasóireacht agus Eacnamaíocht’ a rinne Cumann Uiscí Intíre Éireann. Tá sé mar aidhm ag an staidéar bearnaí a aiathint maidir le soláthar sa tionscal turasóireachta sa cheantar luaite.

**Suirbhe Turasóireacht an Chabháin**

Tharla suirbhé ar an ngnó aontaithe turasóireachta le linn 2011 agus baineann na freagraí leis an séasúr 2010.

**Fleadh Cheoil na hÉireann**

Tá sé ráite go raibh Fleadh Cheoil na hÉireann 2011 sa Chabhán ar na féilte ba bhreátha is ba thaitneamhaí i stair an Fhleadh Cheoil. Dheimhnigh dhá staidéar proifisiúnta as a chéile ag Fáilte Éireann an rath a bhí ar Fhleadh an Chabháin.

**Tionscnamh Cnoc na Teorann**

I gcomhar le Coillte lorgaíodh maoiniú chun Foraois an Bhoireann sa Bhlaic a fhorbairt.

**Forbairt Tuaithe Cabhán Muineachán**

Bhí Turasóireacht an Chabháin páirteach sa Choiste Measúnaithe a bhain le Forbairt Tuaithe Cabhán Muineachán.

**Galf**

Tharla an deichiú Comórtas Galf Uiscebhealaí na hÉirne, bhí 20 foireann ceathrair páirteach ar thrí chúrsa sa Chabhán agus i bhFear Manach.

## Comhshaoil

Tá an roinn seo freagrach as gach a bhaineann le comhshaol sa chontae seachas ceisteanna dramhaíola (líonadh talún, bruscar, dumpáil mídhleathach 7rl.). Toisc gur contae tuaithe sinn mar a bhfuil móran aibhneacha agus lochanna ní haon iontas go mbímid gafa le cáilíocht uisce agus is líonmhar iad na tionchair a théann i bhfeidhm uirthi seo. Orthusan bíonn diúscairt idir thionsclaíoch is tráchtála maraon le cóireáil uisce nó fuíolluisce a fhreastalaíonn ar thithe aonair. Ar na ceisteanna comhshaoil a bhí onn faoi chaibidil againn tá caighdeán aeir agus fadhbanna a bhaineann le gleo, iarratais phleanála agus fódhlíthe. Tá bainisteoir fuinnimh na Comhairle, atá freagrach as feidhmiú fuinnimh agus cleachtas fuinnimh inmharthana, ag oibriú sa roinn seo freisin.

Tá dhá ghné dár gcuid oibre maidir le cáilíocht uisce; fíoruisce inólta agus ár gcuid acmhainní nádúrtha idir aibhneacha, locha agus uisce ar bharr talún a chosaint is a fheabhsú. Is í an tsaotharlann atá suite ar Bhóthar Bhéal Átha hÉis i Cullies croílár na hoibre. Bítear ag tógaint na samplaí a bhíonn uainn agus ag déanamh anailís orthu. Déantar obair speisialtóireachta leis ó am go chéile agus anailís do chliaint, gné den saothar atá ag méadú. Cúis mhórtais dúinn is ea an tsaotharlann mar níl a leithéid eile ag aon údarás eile lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh ag a bhfuil creidiúnacht ón mBord Creidiúnaithe Náisiúnta(INAB).

Déantar anailís ar na scéimeanna poiblí ar fad agus ar fhormhór na ngrúpscéimeanna faoi cheannteidil éagsúla chun a chintiú go bhfuil uisce á solathar atá ar chaighdeán den scoth don sláinte poiblí mar a éilítear faoin reachtaíocht. I 2011, bhí géilliúlacht 99.1% sa chóras poiblí ar an iomlán.

Tá clár cuimsitheach againn chun monatóireacht a dhéanamh ar aibhneacha agus ar locha. Toisc an-chuid díobh siúd a bheith sa Chabhán is léir go mbíonn breis dualgais orainne seachas mar a mbíonn ar chontaethe eile. Tógadh samplaí i 2011 ó 96 stáisiún abhann agus ó 22 loch.

Coimeádtar an t-eolas ar bhunachar sonraí chun gur féidir tuiscint a fháil ar an stádas sa chóras ar an iomlán. Tá ceithre Phlean Ceantar Abhantrach i bhfeidhm sa chontae agus ardstádas ag gach aon chorp uisce. Caithfimid na huiscí atá go han-mhaith a choimeád mar atá agus iad nach mbionn chomh maith san a fheabhsú. Sna pleananna do cheantair abhantrach a chlúdaíonn an oileán ar fad luaitear réimse spriocanna. Caithfimid gnímh áirithe a dhéanamh i gcaitheamh na bliana chun fáil réidh le mórfhoinsí truaillithe. Orthusan bíonn eisileadh tionsclaíoch, oibreacha áirithe feirme, oibríocha cóireáil séarachais agus córais fuíolluisce do thithe aonair. Trín uisce a choimeád ar ardchaighdeán laghdaítear an costas a leanann fíoruisce a chóireáil agus cuirtear le gnéithe an Chontae do lucht na háite is do thurasóirí araon.

Sa Roinn Comhshaoil faightear an-chuid gearán ón bpobal. Déantar gach iarracht ar iad a scrúdú is a fhreagairt chom tapaidh agus is féidir. Go minic, más léir go mbíonn baol truaillithe ann, is féidir an cheist a réiteach gan dul i muinín an dlí. Is mór an trua, áfach, go mbíonn ar an gComhairle forfheidhmiú a chur i gcrích in aghaidh na bliana maidir le heachtraí áirithe.

Dála gach roinn eile laistigh den Chomhairle bímíd ag iarraidh costas a laghdú agus ioncam a mhéadú. Seachas anailís ar uisce a dhéanamh d'áisínteachtaí áirithe stáit agus don earnáil phríobháideach táthar anois tar éis conradh a fháil do shamplú agus anailís ar eisileadh ar bhonn leanúnach do Chomhairle Contae Shligigh. Táthar ag suil len é seo a leathnú i 2012.

Bíonn dlúthbhaint ag an Roinn Comhshaoil le Pleanáil agus le Forbairt sa chontae agus sinn ag obair as lámh an lucht pleanála sa réimse úd. Scrúdaímid an-chuid iarratas ó thaobh an chomhshaoil de agus cumtar coinníollacha cuí pleanála a chinntíonn nach mbeidh drochthionchar ag forbairtí ar an gcomhshaol.

Cheist an-mhór ag leibhéal náisiúnta faoi láthair is ea reachtaíocht náisiúnta a thabhairt isteach do dhabhaigh mhúnlaigh. Tuairiscíodh a raibh déanta anso sa Chabhán trínár bhfodhlíthe maidir le dabhaigh mhúnaligh do thithe aonair agus ba chóir dúinn a bheith bródúil as an aitheantas.

Go minic ní léir torthaí ár gcuid oibre maidir le cáilíocht uisce. Uaireanta is próiseas mall é feabhas a chur ar an gcáilíocht uisce i loch mar shampla. Caithfear a rá áfach, na córais atá againn á gcur san áiream, go ndéanfar dul chinn mall ar bhonn leanúnach sna blianta atá romhainn amach go dtí go mbeidh ardstádas againn dár gcuid uiscí ar fad.

**Bainistiú Fuinnimh**
Tuairisc de réir I.R. 542 de 2009 Clásal 12( 2) de Rialacháin (Feidhmiú Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísi Fuinnimh) na gComhphobal Eorpach.

**Léargas ar Úsáid Fuinnimh i 2011**
Idir Chomhairle Contae an Chabháin agus Comhairle Baile an Chabháin oibrítear breis is 340 láthair aonair a bhraitheann ar leictreachas mar Oifigí, Fearais Choireála Uisce is Searachais agus Stáisiúin Chaidéalaithe. Tá ocht gcinn déag atá an-mhór ag oibriú faoi Chustam Éileamh Uasmhéid ar Vóltas Íseal. Eatarthu caitheadh **3,312MWh** Leictreachais i 2011 as iomlán méadraithe a bhí thart ar **5,958MWh**. Caitheadh **2,281MWh** eile fós ar Shoilsiú Poiblí, Comharthaí Sráide agus ar Mhullaird.

Caitheadh méid coibhéiseach **1,528MWh** breosla iontaiseach ar théamh áitreabh agus uisce do na foirgintí poiblí, oifigí agus fearais chóireála. Tá scuaine feithiclí seirbhíse ag an hÚdaráis a chaith méid coibhéiseach **2,222MWh** breosla iontaiseach i 2011.

Ar an iomlán chaith Comnhairle Contae agus Comhairle Baile an Chabháin **11,991MWh** fuinnimh i 2011 mar a leanas:

- Leictreachas 8,240 MWh
- Teirmeach 1,528 MWh
- Iompar 2,222 MWh

**Gnímh Déanta i 2011**
I 2011 chuir Comhairle Contae agus Comhairle Baile an Chabháin tús le beartais chun feidhmiú fuinnimh a fheabhsú, orthusan bhí:

- Ghlac an Fhoireann Shinsear Bhainistíochta le Polasaí Funnimh
- Leanadh den bhFeachtas Feasachta um Fheidhmiú Fuinnimh
- Triaileadh malairt teicneolaíochtaí soilsiú sráide i gCarrchlós an Leabharlann Tagartha i mBaile an Chabháin le súil len iad a úsáid in Eastáit Tithíochta agus i gCarrchlóis.
- Uasghrádú go córas SCADA agus Ilmhéadar nua Cumhachta don bhFearas Cóireála Kilnacross Coill an Chollaigh a chruthóidh 'Táscairí Feidhmiú Fuinnimh' ar an dtoirt.
- Ainimiméadar a chur ag Taischumar Kilnacross mar chéim i dtreo staidéar féidearthachta ar Thuirbín Gaoithe a úsáid chun Scéim Uisce Réigiúnach Coill an

Chollaigh a sholáthar.

- Cuireadh cúig chinn de Tiomántáin Luais Inathraithe ag Scéim Choill an Chollaigh
- Cúiteoirí Aimsire, Comhlaí Meascacháin agus Comhlaí TLV i gCeannáras na Comhairle i dTeach na Cúirte, An Cabhán agus An Reamhoir, Achadh an Iúir.
- Bearta Deartha Tíosach ar Fhuinneamh do Stáisiún nua Dóiteáin Achadh an Iúir .
- Tús le Riarthóirí nua Fíorúla i dTeach na Cúirte a ligfidh duinn roinnt aonad aer-oiriúnaithe atá trom ar fhuinneamh a mhúchadh. Leanfar den tionscnamh isteach i 2012.
- Braiteoirí seilbhe Laistigh i dTeach na Cúirte a shábhálfaidh thart ar 5.9MWh in aghaidh na bliana.
- Braiteoirí seilbhe Laistigh i Musaem an Chontae, Baile Shéamais Dhuibh a rinne laghdú 28% in úsáid leictreachais nó 11MWh in aghaidh na bliana.
- Braiteoirí seilbhe Laistigh agus soilse nua ionduchtaithe sa Charrchlós Ilstór, Baile an Chabháin a shábhálfaidh 117.5MWh in aghaidh na bliana.
- Coire bithmhaise a chur in ionad an choire ola i LinnSnámha agus Ionad Fóillíochta an Chabháin. Sábhálfar 56 thonna CO2 fiú má fhanann an t-ualach teirmeach mar atá.

Mar gheall ar na beartais thuasluaite maraon le hathshocrú ar rátaí leictreachais idir mhéadraithe agus eile coimeádtar Caitheachas Fuinnimh na nÚdarás chomh híseal agus is féidir chun leanúint d'oibriú na seirbhísí riachtanacha a bhíonn á soláthar againn.

Tá Foireann Fuinnimh ó ranna éagsúla an Údaráis Áitiúla tar éis oiliúint a dhéanamh le Fuinneamh Inmharthana Éireann anois in ann réimse leathan beartas um fheidhmiú fuinnimh a chur chun cinn i 2012.

**Le Déanamh i 2012**

I 2012 agus ar aghaidh tá na tionscadail seo a leanas ar intinn ag Comhairle Contae an Chabháin chun faidhmiu fuinnimh a fheabhsú:

- Leanúint den bhFeachtas Feasachta um Fheidhmiú is cainníochtú ar an sábhail.
- Córas Bainistíochta Foirgneamh don choire agus córas téite i gCeannáras na Comhairle i dTeach na Cúirte.
- Uasghrádu ar chórais SCADA do na Fearais mhóra Cóireála Uisce agus Fuíolluisce chun 'Táscairí Feidhmiú Fuinnimh' a chruthú láithreach bonn.
- Staidéar féidearthachta a chríochnú ar thuirbín gaoithe a úsáid chun Scéim Uisce Réigiúnach Choill an Chollaigh a sholáthar.
- Scéim Soláthar Uisce Poiblí Mhuinchille a iniúchadh le súil Tiomántáin Luais Inathraithe Caidéil Ardaithe a chur isteach.
- Suirbhé Cumhachta a dhéanamh ag roinnt stáisiun straitéiseacha caidéalaithe chun tíosaíocht a fheabhsú is fáil réidh le píonóis ar bhillí; painéil téite a lonnú in ionad

téiteoirí stórais mar chosaint in aghaidh an tseaca.
- An Tionscnamh Riarthóirí nua Fíorúla i dTeach na Cúirte a chríocnú chun roinnt aonad aer-oiriúnaithe atá trom ar fhuinneamh a mhúchadh.
- Braiteoirí seilbhe Laistigh agus soilse nua Ionduchtaithe do na hInnealtóirí ar Shráid Farnham, An Cabhán chun an caitheamh leictreachais a laghdú go mór.
- Iniúchadh a dhéanamh ar Fhearas Cóireála Fuíolluisce Bhaile Shéamais Dhuibh le súil caidéil mheascaithe a lonnú in ionad aerthóirí atá trom ar fhuinneamh.
- Soilse nua ionduchtaithe a lonnu in ionad 25 chinn de thuilshoilsí Shóidiaim lasmuigh de Stáisiún Dóiteáin an Chabháin.
- Cabhrú le tionscnaimh pobail mar mhaoiniú um fheidhmiú fuinnimh a aimsiú do Linn Snámha agus Ionad Fóillíochta Choill an Chollaigh.
- Páirt a glacadh i dtionscnamh tuairisce agus monatóireachta NEEAP Comhlachtaí Poiblí de chuid an SEAI trína bhailítear agus a thiomsaítear sonraí stairiúla suntasacha.

Tá sé i gceist na beartais úd maraon le soilsiú nua eile i bhfoirgnimh poiblí a chur i gcrích le linn 2012.

**Coiste um Bheartas Straitéiseach, Comhshaol, Uisce agus Seirbhísí Sláintíochta**
**Is iad seo a leanas baill an Choiste:**

Comhairleoir Charlie Boylan, Comhairle Contae an Chabháin
Comhairleoir Maura Lynch, Comhairle Contae an Chabháin
Comhairleoir Aidan Boyle, Comhairle Contae an Chabháin
Comhairleoir Dessie Boylan, Comhairle Contae an Chabháin
Comhairleoir Danny Brady, Comhairle Contae an Chabháin
Comhairleoir Barry Wilson, Comhairle Baile Bhéal Tairbirt
An tUas. Winston Turner, Pobal agus Deonach
An tUas. Colm Brady, Ionadaithe Scéime
Dr Tina Aughney, Crann Taca Comhshaoil

## Airgeadas

"Eolas cruinn ar airgeadas seirbhísí uilig na Comhairle a sholáthar agus rialú inmheánach éifeachtach a chur i bhfeidhm"

Tá ról tábhachtach ag an Roinn maidir le seirbhísí Comhairle Contae an Chabháin a sholáthar. Pléitear le cuntais airgeadais oibriú na n-údarás idir ioncaim agus caipitiúil ar fud na Ranna Seirbhísí go léir:

- Tithíocht agus Foirgníocht
- Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht
- Seirbhísí Uisce
- Bainistiú Forbraíochta
- Seirbhísí Comhshaoil
- Caitheamh Aimsire agus Conláistí
- Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas
- Seirbhísí Ilghnéitheacha

Is iad seo a leanas aidhmeanna Roinn Airgeadais Comhairle Contae an Chabháin:

- Spriocanna airgeadais Plean Corparáideach na Comhairle a chur i gcrích
- An bhainistíocht is an dea-chleachtas is fearr dá bhfuil ann a chur chun cinn ar fud na Comhairle
- Cursaí Airgeadais na Comhairle a bhainistiú
- A chinntiú go gcomhlíontar na prionsabail reachtúla agus airgeadais a bhaineann le gnóthais airgeadais na Comhairle
- Feidhmiú rialú inmheánach mar is cóir a chinntiú chun sócmhainní na heagraíochta agus cruinneas is iontaofacht na gcuntas a chosaint
- A chinntiú go bhfaightear margadh maith ar fud na heagraíochta i gcónaí

Is iad seo a leanas na gníomhaiochtaí is mó a bhíonn ar siúl sa Roinn Airgeadais:

- Cuntais Airgeadais
- Cuntais Bainistíochta
- Cuntais Iníoctha
- Cuntais Infhaighte
- Airgead Tirim, Bainistiú Infheistíochta agus Ciste
- Bainistiú Fiacha
- Iniúchadh Inmheánach
- Buiséid

- Comhordú Bainistíocht Riosca
- Cúrsaí Fála
- Córais agus Rialú Airgeadais
- Cúrsaí Cánach
- Riarachán Sócmhainní Réadacha
- Bailiú Ioncaim Reatha
- Bainistiú Iasachtaí Tithíochta
- Riarú Párolla, Pinsin, Liúntais Taistil agus Cothaithe

**Córas Bainistiocht Airgeadais**

Tá rol tábhachtach ag an gCóras Bainistíocht Airgeadais Agresso chun eolas cruinn ar airgeadas seirbhísí na Comhairle in am tráth. Bítear ag feabhsú na módúil mar chuntais iníoctha, cuntais infhaighte, bainistiú fiacha, cuntais bhainistíochta agus airgeadais, buiséid agus cúrsaí fála.

**Bailiú Ioncaim**

Eagraíodh na Bailitheoirí Ioncaim as an nua i 2009 chun ceithre cheantar a chruthú. Is iad na bailitheoirí ioncaim is mó a bhíonn ag plé le formhór lucht díolta rátaí, cíos tí, blianachtaí agus i gcasanna áirithe iasachtaí tithíochta agus táillí uisce. In ainneoin cúrsaí eacnamaíochta a bheith mar atá, bhí na rátai bailiúcháin sásuil go leor i 2011.

**Iasachtaí**

Tá 318 cuntas iasachtaí ann, as an méid sin tháinig aisíocaíochtaí morgáistí m612,274.68 i 2011. Leanadh den bhfuascailat morgáistí le linn 2011 agus fuarthas m66,217.25 uathusan. Bailíodh breis is 82% i mbliana des na hiasachtaí a bhí ar fad amuigh.

**Párolla**

SA tseirbhís úd déantar pá agus tuarastal na foirne a phróiseáil a ioc maraon le ÍMAT agus PRSI nó aon laghdaithe cuí eile agus cuntais orthu a líonadh. Tá 535 dhuine anois fostaithe ag Comhairle Contae an Chabháin, roinnte mar a leanas:

Pá: 141
Tuarastal: 19 (míosa)
Tuarastal: 249 (coicíse)
Comhrac Tine: 84
Comhairleoirí: 42

Sa roinn phárolla leis déantar próiseas ar íocaíochtaí do 300 lucht pinsin.

**Iniúchadh Inmheánach**

Feidhm neamhspleách is ea Iniúchadh Inmheánach a dheanann measúnú agus iniúchadh ar éifeacht is ar éifeachtúlacht an rialú inmheánach i gComhairle Contae an Chabháin. Ar an gcuma san cuirtear le húsáid acmhainní go tíosach agus go héifeachtach mar atá riachtanach chun go n-éireoidh le feidhmíocht na heagraíochta.

Sa Phlean Iniúchadh Inmheánach 2011 leagtar sios clár oibre na bliana agus na réimsí atá le clúdach, réimsí riosca san áireamh. Cuireadh san áireamh acmhainní foirne agus inchur/tuairimí na Stiúrthóirí Seirbhíse, an Choiste Iniúctha is an Iniúchóir Rialtais Áitiúla. Scrúdaíodh an Oifig Mhótarchánach, Amharclann an Reamhoir, Musaem an Chontae, Láithreacha Cathartha agus rinneadh athbhreithniú ar Chóras Rátaí Comhairle Baile an Chabháin, Ranníocaíocht Fhorbartha, Riaú is Cleachtais agus ar na Táscairí Seirbhíse.

Tharla oiliúint bhreise iniúctha agus forbairt fhoirne nuair a rinne baill fhoirne cúrsa teastas inúctha san Oifig Riarachan Poiblí.

I gCiorclán Fin11/2007 Feidhmiú Iniúctha in Údaráis Áitiúla iarradh go mbeadh coisti iniúctha acu i dtreo na dualgais chuí um Iniúchadh Inmheánach a mheabhrú dóibh. Bhunaigh Comhairle Contae an Chabháin an Coiste Iniuctha ar an 10 Meitheamh 2008. Ar an gcoiste tá té triúr (3) ball seachtracha agus beirt (2) Ionadaí Tofa, mar at a molta. Is iad seo a leanas na baill:

- Con Dolan (Cathaoirleach)
- Jim Lalor
- PJ Dunne
- Comhairleoir Madeleine Argue
- Comhairleoir Gerry Murray

Bíonn an Coiste ag plé go rialta le Ger Finn - Rúnaí an Choiste/Stiúrthóir Seirbhísí, Des Maguire - Ceann Airgeadais agus le Sean O'Reilly - Inúchadh Inmheánach. Le linn 2011 bhí trí chruinniú acu chun rialú inmheánach, polasaí agus cleachtais maidir le seirbhísí na heagraíochta a phlé.

Is de réir cairteacha glactha a dhéanann an tAonad Iniúctha Inmheánach agus an Coiste Iniúctha a saothar úd.

Freagraíodh mórán ceisteanna ón Iniúchóir Údaráis Áitiúla, ar an gcuma san cinntítear clúdach iomlán. Cuid lárnach den mheasúnú a dhéanann an tIniúchóir Údaráis Áitiúla ar an rialú is ar an riosca a ghabhann leis is ea éifeachtúlacht an iniúctha inmheánaigh.

Tá dúshlán níos mó ná riamh anois roimh Comhairle Contae an Chabháin maidir le hairgeadas, imeacht ar scor agus le bac earcaíochta. Is fíor go bhfuil an fhreagarthacht ríthabhachtach chun éifeachtúlacht a fheabhsú. Mar chuid den Phlean Iniúctha Inmheánach, oibreofar i dtreo monatóireacht chun nach mbeidh aon dabht faoi mhargadh maith a fháil i gComhairle Contae an Chabháin.

**An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997**

Cloitear go hiomlán i gComhairale Contae an Chabháin le foralacha an Acht um Íoc Pras Cuntas agus bítear de shíor ag athbhreithniú cleachtas agus riaradh chun géilliúlacht a chinntiú. Is í 30 lá ó dháta fála an sonraisc an tréimhse reachtúil le creidiúnaithe a íoc ach a mhalairt a bheith ceaptha i gconradh aontaithe. I 2011, íocadh suim m747.86 mar ús ar mhallíocaíochtaí do chreidiúnaithe.

**Rátaí**

Eisíodh ar an iomlán 2,018 Éileamh Rataí i rith na bliana 2011 as a d'fhás iomlán m10,852,138.80. Ba é m56.85 an Ráta Bliantúil Luachála agus bailíodh 75%.

**Táillí Seirbhísí Uisce**

Mar Údarás Seirbhísí Uisce, tá dualgas ar Chomhairle Contae an Chabháin costas iomlán seirbhísí uisce ón soláthar poiblí a scaoiltear isteach i séarach poiblí a ghearradh ar chustaiméirí nach teaghlaigh iad. I gceist bíonn an earnáil tí, gnó talmhaíochta pobal leathan gnó agus gníomhaíochtaí eile nach tráchtáil iad mar scoileanna, clubanna spóirt, grúpaí deonacha &rl.

Le linn 2011 gearradh táillí seirbhísí uisce ar 2,561 chustaiméir nach teaghlaigh iad. Éilíodh ar an iomlán m2,442,671.37 mar tháillí uisce agus bailíodh m1,813,157.14.

**Mótarcháin**

Tá an Roinn Mhótarchánach I gComhairle Contae an Chabháin freagrach as:

- Ceadúnais Fheitclí
- Ceadúnais Tiomána. Cuntas ar Dhroimscríbhinní agus ar dícháilíochtaí
- Teastais Sábháilteachta Bóthair
- Cóipeanna de Leabhair Chláraithe, Fáltais agus Plataí Trádála do cheannaithe mótar
- Próiseas ar mhalairt úinéara agus ar aisíocaíochtaí
- Teastais S103 agus CT53

Ba léir an cúlú eacnamaíochta ón laghdú ioncaim ó mhótarcháin agus ceadúnais tiomána i rith na bliana. Go hiomlán fuarthas m10,176,658.50. i 2011, sin laghdú 4.7% ar an ioncam i r 2010.

**Sonraí Ioncaim agus Gnóthaí:**

| | **Iomlán Gnóthaí** | **Iomlán Ioncaim** |
|---|---|---|
| Ceadúnais Fheithclí | 45,121 | 9,711,583 |
| Ceadúnais Tiomána | 10,963 | 175,660 |
| Teastais Sábháilteachta Bóthair | 7044 | 50,015 |
| Ceadúnais Trádála | 73 | 22,265 |
| Fála Ilchineálacha | 4,102 | 217,115.5 |
| **Iomlán** | **67,303** | m**10,176,658.5** |

**Mótarcháin Ar Líne**

Rinneadh próiseas ar 26,862 chás ar líne agus bailíodh m5,523,745 uathusan. Tá an tseirbhís Mhótarchánach ar líne ar fáil do ghluaisteáin phríobháideacha, gluaisrothair, tarracóirí, feithclí díofa agus carbháin d'athnuachan is don chéad clárú. Iarrtar ar chustaiméirí leas a bhaint as an tseirbhís ar líne ach logáil isteach ar www.motortax.ie

**Teicneolaíocht an Eolais agus Cumarsáide (TEC)**

Sa roinn TEC dírítear ar thacú le banc leathan freastalaithe, ríomhairí PC agus goiris ilfheidhme atá sna Gréasáin Líonra Achair Lóganta (LAN) agus Líonra Achair Fairsing a (WAN). Stiúraítear freisin an bonneagar cumarsáide idir seasta agus móibíleach.

Fás Teicneolaíocht an Eolais i gComhairle Contae an Chabháin san áireamh, bhí dúshlán romhainn maidir le lear mór freastalaithe a bhainistiú. Rudaí móra is ea iad seo ó thabh spáis, úsáid fuinnimh agus fuaraithe de. Bhunaíomar tionscnamh nua maidir leo seo agus cuireadh isteach an bonneagar samhaltach nua mí Dheireadh Fómhair. Anois táthar ag cur goiris samhaltacha in ionad na seanfhreastalaithe fisiciúla le súil go mbeidh an chuid is mó den obair déanta faoin gcead leath de 2012.

Tá uasghrádú ar bun maidir leis na Córais Oibríochta is na Feidhmchláir. Tá an leagan is déanaí de iReg anois againn do chlár na dtoghthóirí maraon le leagan nua de checktheregister.ie atá ar fáil ag an bpobal ar shuíomh idirlin Comhairle Contae an Chabháin.

I 2011 chríochnaíomar ár nasc líonra achar fairsing isteach go hoifig Ceantar Bóithre Bhaile Shéamais Dhuibh. Tá naisc ardluais gan sreang anois ins na hoifigí ceantair go léir agus i ndá bhrainse leabharlainne. Tá Líonra Príobháideach Fíorúil Slán freisin in Amharclann an Reamhoir agus Músaem an Chontae i mBaile Shéamais Dhuibh.

Lonnaíodh nasc nua gan sreang 60MB go Comhairle Baile an Chabháin ag a bhfuil leathanbhanda os cionn 300% ná mar a bhí. Suiteáladh nasc eile gan sreang ar an bpointe is airde ar Shliabh Ghlabh, rud a chruthóidh réiteach in am an ghátair má bhriseann an nasc bunúsach.

I 2011 bhí baint againn le naisc nua eile a fhorbairt agus a sheoladh mar shampla cavanlibrary.ie agus fleadh2011cavan.ie.

Tosaíodh ar Chláir iFón a fhorbairt agus i 2011 seoladh cláir do Chomhairle Contae an Chabháin, Fleadh 2011, Ealaíon an Chabháin is do Rochtain an Chabháin. Is féidir na cláir úd a íoslódáil go díreach ó Stóras Feidhmchlár Apple iTunes.

Seoladh áis ar líne le déanaí chun Cur Isteach ar Cheadúnas Madra nó chun Ticéid a cheannach d'Amharclann an Reamhoir. Leanfar den taighde agus den bhforbairt ar áiseanna eile dá leithéid a ligfear seirbhísí a fháil ar líne is díol astu.

Is cás dúinn de shíor cúrsaí slándála maidir leis na sonraí atá ar ár ngréasáin uilig. Tá na leaganacha is déanaí againn d'earraí Frithvíreas, cosaint in aghaidh Spam agus Earraí Mailíseacha agus ó 2011 tá polasaí againn nach ligtear sonraí a chóipeáil ach amháin trí ghoireas usb criptithe. Déantar monatóireacht agus logáil ar na sonraí a chuirtear suas orthusan leis. Tarlaíonn tacaíocht in aghaidh na hoíche ar shnáithín chuig láthair slán as líne.

Ar na feidhmchláir a bhíonn idir lámha againn tá:

- iDocs: Córas Bainistíochta Doiciméid
- Agresso FMS (Córas Bainistíocht Airgeadais)
- Bunachair Inmheánacha
- iPlan: Córas Riarachán Pleanála
- eHeg: Deontais Ardoideachais
- iHouse and RAS: Córas Riarachán Tithíochta
- Brabhsálaí Inlín Spásúil agus Seirbhísí eile GIS
- LabInfo: Monatóireacht ar Cháilíocht Uisce
- SMS: Teachtaireachtaí ar an Mórchóir
- Meáin Shóisialta

**Tascairí Seirbhíse**

| **M.1 Líon & Céatadán Gnóthaí Mótarchánach** | **2011** |
|---|---|
| Líon próiseas ag an gcuntar | 45,894 |
| Líon próiseas tríd an bpost | 10,236 |
| % próiseas ag an gcuntar | 81.76% |
| % próiseas tríd an bpost | 18.24% |
| | |
| **M.2 Próiseáil Iarratas Mótarchánach tríd an bPost** | |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an lá céanna | 3,894 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an dara nó an tríú lá | 4,250 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an ceathrú nó an cúigiú lá | 1,006 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu tar éis 5 lá | 1,086 |
| % a ndéantar próiseas orthu an lá céanna | 38.04% |
| % a ndéantar próiseas orthu an dara nó an tríú lá | 41.52% |
| % a ndéantar próiseas orthu an ceathrú nó an cúigiú lá | 9.83% |
| % a ndéantar próiseas orthu tar éis 5 lá | 10.61% |
| | |
| **M.3 Próiseáil Iarratas ar Cheadúnais Tiomána** | |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an lá céanna | 6,628 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an dara nó an tríú lá | 2,077 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an ceathrú nó an cúigiú lá | 494 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu tar éis 5 lá | 860 |
| % a ndéantar próiseas orthu an lá céanna | 65.89% |
| % a ndéantar próiseas orthu an dara nó an tríú lá | 20.65% |
| % a ndéantar próiseas orthu an ceathrú nó an cúigiú lá | 4.91% |
| % a ndéantar próiseas orthu tar éis 5 lá | 8.55% |
| | |
| **M.4 Uaireanta oscailte don phobal** | |
| Oscailte ar an meán in aghaidh na seachtaine | 28.47 |

## Coimriú ar Chuntais 2011

### Coimriú ar Chaiteachas agus ar Ioncam 2011

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | m000 | m000 |
| Caiteachas (A) | 65,311 | 66,924 |
| | | |
| Fáltais | | |
| Deontais Stáit | 26,897 | 26,799 |
| Earraí & Seirbhísí | 9,398 | 9,778 |
| Rátaí Tráchtála | 10,852 | 10,484 |
| Údaráis Áitiúla eile | 444 | 625 |
| Tobhach Pinsin | 1,119 | 1,181 |
| Muirear Contae | 1,332 | 1,332 |
| Ciste Rialtais Áitiúil | 15,270 | 16,726 |
| Ioncam Iomlán (B) | 65,312 | 66,925 |
| (Easnamh) / Fuílleach (B-A=C) | 1 | 1 |
| | | |
| Ioncam Túis | | |
| Fuílleach 1 Eanáir (D) | 1,661 | 1,660 |
| Ioncam Deiridh | | |
| Fuílleach 31Nollaig (C+D+E) | 1,662 | 1,661 |
| | | |
| **Caiteachas Ioncaim 2011** | | |
| | mM | % |
| Tithíocht agus Foirgníocht | 5.08 | 7.78 |
| Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht | 19.49 | 29.85 |
| Soláthar Uisce agus Séarachais | 12.66 | 19.39 |
| Dreasachtaí Forbartha agus Riartha | 4.71 | 7.21 |
| Cosaint Chomhshaoil | 7.14 | 10.93 |
| Caitheamh Aimsire agus Conláistí | 3.42 | 5.24 |
| Sláinte, Leas, Oideachas agus Talmhaíocht | 4.96 | 7.60 |
| Ilchineálach | 6.12 | 9.37 |
| Aistriú go Caipiteal | 1.72 | 2.63 |
| **Iomlán** | **65.30** | **100** |

**Caiteachas agus Ioncaim ar Chuntas Caipitil 2011**

| | Caiteachas | Ioncam |
|---|---|---|
| | 2011 | 2011 |
| | m000 | m000 |
| Clár Grúpa | | |
| Tithíocht agus Foirgníocht | 4,160 | 3,022 |
| Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht | 16,782 | 14,102 |
| Soláthar Uisce agus Séarachais | 8,307 | 8,436 |
| Dreasachtaí Forbartha agus Riartha | 313 | 2,214 |
| Cosaint Chomhshaoil | 6,321 | 1,286 |
| Caitheamh Aimsire agus Conláistí | 535 | 448 |
| Sláinte, Leas, Oideachas agus Talmhaíocht | 0 | 0 |
| Ilchineálach | 5,332 | 6,309 |
| **Iomlán** | **41,750** | **35,817** |
| | | |
| **Ioncam Reatha 2011** | | |
| | mM | % |
| Tithíocht agus Foirgníocht | 5.46 | 8.36 |
| Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht | 14.15 | 21.67 |
| Soláthar Uisce agus Séarachais | 6.04 | 9.25 |
| Dreasachtaí Forbartha agus Riartha | 2.29 | 3.51 |
| Cosaint Chomhshaoil | 1.5 | 2.30 |
| Caitheamh Aimsire agus Conláistí | 0.67 | 1.03 |
| Sláinte, Leas, Oideachas agus Talmhaíocht | 4.4 | 6.74 |
| Ilchineálach | 2.22 | 3.40 |
| Rátaí | 10.85 | 16.62 |
| Ciste Rialtais Áitiúil | 15.27 | 23.38 |
| Muirear Contae | 1.33 | 2.04 |
| Tobhach Pinsin | 1.12 | 1.72 |
| **Iomlán** | **65.30** | **100** |

## Eagrú agus Riarachán

**Ceannáras na Comhairle, Teach na Cúirte, Sráid Farnham, An Cabhán**

Sonraí Teagmhála
Teil: 049 437 8300
Faics: 049 436 1565
R-phost: info@cavancoco.ie
Suíomh: www.cavancoco.ie

**Chun cúnamh a fháil maidir le rochtain eolais agus seirbhísí de chuid Údarás Áitiúla An Chabháin glaoigh orainn led thoil ag 049 437 8300**

| | |
|---|---|
| Airgeadas agus Bainistíocht Agresso | Teil: 049 437 8300 |
| Ionaid Beir Chuige | Teil: 049 437 2700 |
| Príomh-Oifigeach Dóiteáin | Teil: 049 437 8468 |
| Comhshaol | Teil: 049 437 1429 |
| Tithíocht | Teil: 049 437 8333 |
| Oifig Mhótarchánach | Teil: 049 437 8430 |
| Rátaí | Teil: 049 437 8358 |
| Bóithre/Innealtóirí Ginearálta | Teil: 049 437 8341 |
| Seirbhísí Uisce | Teil: 049 437 8300 |
| Oifig Ealaíon, Ionad Sráid Farnham, An Cabhán | Teil: 049 437 8546 |
| Corparáideach agus Daonacmhainní | Teil: 049 437 8601<br>Faics: 049 436 1565 |
| Bord Forbartha Contae/Pobal agus Fiontar | Teil: 049 437 8602 |
| Oifig Ginealaigh | Teil: 049 436 1094 |
| Seirbhís Leabharlainne | Teil: 049 437 8500 |
| Oifig Phleanála | Teil: 049 437 8600<br>Faics: 049 437 8729 |
| Oifig Thurasóireachta | Teil: 049 433 1942 |
| Amharclann an Reamhoir, Achadh an Iúir | Teil: 049 854 7074 |
| Músaem an Chontae, Baile Shéamais Dhuibh | Teil: 049 854 4070<br>Faics: 049 854 4332 |
| Ceantar Bóithre Choill an Chollaigh, Teach na Cúirte | Teil: 042 966 5135 |
| Ceantar Bóithre An Chabháin, Muine Ealla | Teil: 049 437 8700 |
| Ceantar Bóithre Bhéal Tairbirt, Béal Átha Chonaill | Teil: 049 952 6121 |
| Uisce An Chabháin Thiar, Creeney, Béal Tairbirt | Teil: 049 952 2101 |
| Uisce An Chabháin Thoir, Muinchille | Teil: 049 555 2395 |
| Ceantar Bóithre Bhaile Shéamais Dhuibh, Achadh an Iúir | Teil: 049 854 7013 |

| | |
|---|---|
| Comhairle Baile an Chabháin, Sráid Halla an Bhaile | Teil: 049 437 8690<br>Faics: 049 433 1393<br>R-phost: tcinfo@cavantc.ie<br>Suíomh: www.cavantc.ie |

**Leabharlanna Lánaimseartha**

| | |
|---|---|
| Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin, Sráid Farnham | Teil: 049 437 8500 |
| An Ceannáras, Sraid Farnham | Teil: 049 437 8505 |
| Leabharlann Choill an Chollaigh, Teach an Mhargaidh | Teil: 042 966 5779 |
| Leabharlann Mhuinchille, Sráid an Droichid | Teil: 049 555 9873 |

**Leabharlanna Páirtaimseartha**

| | |
|---|---|
| Leabharlann Ármhach, Teach an Mhargaidh | Teil: 049 433 5905 |
| Leabharlann Béal Átha Chonaill, Sráid na hEaglaise | Teil: 049 952 6844 |
| Leabharlann Bhaile Shéamais Dhuibh, Páirc Percy French | Teil: 049 854 5184 |
| Leabharlann Bhéal Tairbirt | Teil: 049 952 2683 |
| Leabharlann Chill na Seanrátha, Ionad Pobail Gan Fón Leabharlann Dhún an Rí, Halla | |
| Mhuire Gan Fón Leabharlann Achadh an Iúir, Ionad Sláinte | Teil: 049 854 8456 |

# We will be **the best** at what we do.

**Council Headquarters**
Courthouse
Farnham Street
Cavan
Tel: 049 437 8300
Fax: 049 436 1565
Email: info@cavancoco.ie
Web: www.cavancoco.ie

**Bailieborough Roads Area Office**
Courthouse
Bailieborough
Cavan
Tel: 042 966 5135
Fax: 042 966 6978

**Cavan Roads Area Office**
Moynehall
Cavan
Tel: 049 437 8700
Fax: 049 437 8701

**Belturbet Roads Area Office**
Courthouse
Ballyconnell
Cavan
Tel: 049 952 6121
Fax: 049 952 6786

**West Cavan Water Office**
Creeney
Belturbet
Co Cavan
Tel: 049 952 2101
Fax: 049 952 2116

**East Cavan Water Office**
Courthouse
Virginia
Cavan
Tel: 049 555 2395
Fax: 049 555 6318

**Ballyjamesduff Roads Area Office**
Courthouse
Virginia
Cavan
Tel: 049 854 7013
Fax: 049 854 8265

**Cavan Town Council**
Town Hall Street
Cavan
Tel: 049 437 8690
Fax: 049 433 1393
Email: tcinfo@cavantc.ie
Web: www.cavantc.ie